

# **NA GAELSCOILEANNA: AN CHUACH SA NEAD**

Tráchtas  
MA sa Chleachtas Dátheangach

Colm de Búrca



## **BUÍOCHAS**

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le gach éinne a chuidigh liom san togra seo.

Sa gcéad áit, caithfidh mé focal buíochais a rá leis na príomhoidí agus na múinteoirí eile a bhí chomh fial lena gcuid ama agus lena gcuid tuairimí le linn dom a bheith ar cuairt ar a gcuid scoileanna. Ní mór focal a rá freisin faoin gcúnamh a fuair mé ó Mhuireann Ní Mhóráin ag tús na taighde.

Ba mhaith liom mo bhuíochas a ghabháil le mo chuid bainisteoirí sa dá áit a raibh mé ag obair le linn na taighde agus an chúrsa ina iomláine. Gan iad agus a gcuid tacaíochta, ní thosnódh an obair seo ariamh; agus as a measc, is mian liom ainm Yvonne Durac a luadh go sonrach.

Ní mór focal buíochais a thabhairt d'fhoireann Fhiontair as ucht a dtacaíochta le linn an phróiseis uile, agus as ucht a gcuid foighde nuair ab éigean dom an tráchtas a chur ar leataobh ar feadh tréimhse.

Ní mór, ar dheireadh mo bhuíochas a ghabháil le mo bhean Pilar agus le mo chlann as ucht a gcuid tacaíochta agus a gcuid foighde an t-am go léir nach raibh mé ar fáil dóibh agus an staidéar seo ar bun agam.

## **SÉANADH**

Dearbhaím leis seo gurb é mo shaothar féin go hiomlán atá san ábhar seo atáim a thíolacadh le haghaidh measúnaithe mar chuid den chlár staidéir don chéim MA sa Chleachtas Dátheangach agus nár tógadh aon chuid de as saothar daoine eile ach amháin sa chás agus sa méid atá luaite agus aitheanta i dtéacs mo shaothair.

Colm de Búrca  
Uimhir chláraithe 55229316

## CLÁR

Réamhrá	7
Caibidil 1: Léirmheas litríochta	12
Caibidil 2: Modheolaíoch	35
Caibidil 3: Torthaí na taighde	46
Caibidil 4: Litir ón Roinn	61
Caibidil 5: Anailís agus plé	67
Caibidil 6: Tátal	82
Leabharliosta	90
Aguisín	91



## **RÉAMHRÁ**

Tháinig gluaiseacht na Gaelscolaíochta chun cinn in Éirinn ó na 1950í ar aghaidh, i gceantair ina labhraítear Béarla. Is í aidhm na gluaiseachta ná oideachas trí mheán na Gaeilge a thabhairt do pháistí sna ceantair sin. Sa gcomhthéacs seo, ba cheannródaithe iad na daoine a bhunaigh na chéad Ghaelscoileanna, agus tá a macasamhail fós ag teacht chun cinn in áit ar bith sa tír nach bhfuil oideachas dá leithéid ar fáil. Tá sé suimiúil an méid atá le rá ag Molla & Viana faoin gceannródaí i gcomhthéacs eile ina bhfuil teanga eile faoi ionsaí – sa gcás seo, teanga na Catalóinise i gceantar València:

La manifestació del conflicte permet la presa de consciència d'amplis sectors socials alhora que posa en relleu la crisi de les normes sociolingüístiques vigents. És llavors que es poden començar a prendre decisions o si més no a albirar alternatives sobre una altra organització de l'espai sociolingüístic. L'emergència pública del conflicte clarifica els objectius dels grups. Els aspectes latents no es qüestionen perquè no es noten: formen part de la normalitat assumida. La descripció del conflicte és, en conseqüència, part important d'aquesta presa de consciència social.

Ací juguen un paper decisiu, en la creació d'alternatives i en la transmissió cultural, les élites culturals o els intellectuals. Karl Mannheim va descriure les élites culturals com minories actives que aconsegueixen transmetre noves visions de la societat primer als grups

que tenen més a la vora i després a amplis collectius socials. (Viana & Molla, l. 111)<sup>1</sup>.

Ar ndóigh, theastódh staidéar cuimsitheach eile ar fad chun cur síos a dhéanamh ar na daoine a thug faoi na scoileanna seo a bhunú, ach ar dtús ar aon chaoi, is cosúil nach raibh i gceist acu ach gnáth-bhunscoileanna a bhunú a bheadh ag feidhmiú trí mheán na Gaeilge; ar feadh i bhfad, ba scoileanna Caitliceacha iad uilig faoi phátrúnacht Easpaig na ndeoisí ina raibh siad suite, agus ní raibh sé i gceist go mbeadh feidhm réabhlóideach ar bith ag baint leo – a mhalairt ar fad: bhíothas ag troid chun gné den sochaí reatha, sochaí a tháinig chun cinn le bunú an tSaorstáit sna 1920í, a chosaint. Mar sin féin, ina n-ainneoin féin, creidim go bhfeileann focla Mannheim luaite sa sliocht thuas ‘an t-aos cultúrtha mar mhionlaigh ghníomhacha a mbíonn in ann físeanna nua den sochaí a chraobhscaoileadh’ don dream a chéad bhunaigh Gaelscoileanna, sa méid gur leathnaigh an ghluaiseacht amach trasna na tíre. Is de bharr laghdú leanúnach ar chaighdeán na Gaeilge sna ngnáth-bhunscoileanna, gur lean réabhlóid bheag chiúin san earnáil oideachais bunú na scoileanna seo: tá scoileanna nua á mbunú gach bliain, a bhuí le dua a chuireann tuismitheoirí óga orthu féin chun oideachais trí Ghaeilge a chur ar fáil dá bpáistí, i gcoinne neamhshuim na n-údarás, idir eaglasta agus stáit. Ba shuimiúil an rud é codarsnacht a dhéanamh idir an streachailt seo agus an streachailt ar son cearta síbhialta a

---

<sup>1</sup> Nuair a thagann an choimhlint chun solais is féidir le haicmí fairsinge den phobal í a aithint ag an am céanna a nochtann na deacrachtaí a bhaineann leis na normanna sochtheangeolaíochta reatha. Is ansin is féidir cinntí a ghlacadh nó ar a laghad machnamh a dhéanamh ar leagan amach eile a dhéanamh ar an spás sochtheangeolaíoch. Soiléirítear aidhmeanna na mbaicle le teacht chun solais na coimhlinte. Ní dhéantar machnamh ar na gnéithe ceilte i ngeall ar nach dtugtar faoi deara iad: níl iontu ach cuid den ghnáthshaol. Dá bharr sin, is cuid thábhachtach den tabhairt faoi deara ó thaobh na sochaí de an cur síos a dhéanamh ar an gcoimhlint.

Anseo, bíonn páirt deimhnitheach le n-imirt ag an aos cultúrtha agus intleachtach chun malairtí a chruthú agus ag cur an chultúir ar aghaidh. Rinne Karl Mannheim cur síos ar an aos cultúrtha mar mhionlaigh ghníomhacha a mbíonn in ann físeanna nua den sochaí a chraobhscaoileadh, i dtosach go dtí na grúpaí is gaire dóibh agus ina dhiaidh sin go dtí an chomhchoitiantacht.



bhí ar siúl sa tréimhse chéanna sna sé chontae le linn an ama chéanna, agus arbh é bunú Gaelscoileanna sna sé chontae ceann de na torthaí a bhí air ansin freisin de réir mar a d'fhorbair an streachailt sin chun sochaí nua a chruthú ó thuaidh.

Bíodh sin mar atá, is éard atá i gceist leis an taighde seo ná iniúchadh a dhéanamh ar ghné amháin den Ghaelscolaíocht mar atá sí inniu. Is é sin ná cúrsaí litearthacht agus seirbhísí tacaíochta foghlama don léitheoireacht sna Gaelscoileanna. Tá sé seo bunúsach sa scolaíocht, agus ní féidir a rá sa sochaí ina bhfuil muid ag maireachtáil go bhfuil oideachas iomlán ar dhuine dá uireasa. Dírítear ar thús na léitheoireachta, ar mheasúnú caighdeánach, ar sheirbhísí tacaíochta, agus cuirtear suim ar leith ar an bpáiste a bhfuil an Ghaeilge ós dhúchas aige agus an chaoi a dhéileáiltear leis taobh istigh den chóras

I gCaibidil 1, pléitear céard is Gaelscoil ann agus céard is Gaelscolaíocht ann, agus déantar iarracht teacht ar shainmhíniú orthu. Déantar é sin trí cháipéisí de chuig Gaelscoileanna agus an Foras Pátrúnachta a cheadú. Leantar ar aghaidh ansin chun breathnú ar fhadhbanna léitheoireachta i gcoitinne. Breathnaítear ar an Acht Oideachas 1998 agus ar na forálacha ann a bhaineann le seirbhísí taca, agus ar áit na Gaeilge sa nGaelscoil agus ar dhualgais an Aire Oideachais agus Eoláíochta ina leith. Breathnaítear freisin ar fhorálacha ábharacha den Bhunreacht, agus ar bhreitheanna áirithe cúirte i leith na Gaeilge.

Déantar scrúdú ar roinnt leabhair agus ailt a bhaineann leis an léitheoireacht agus le measúnú agus a scríobhadh le deich bliana anuas, ina measc an Curaclam bunscoile, tuarascálacha oifigiúla agus páipéir taighde, chun teacht ar tuiscint i ndáil le cleachtais le blianta beaga anuas, agus feictear go soiléir nach í an Ghaeilge an chloch is mó ar

pháidrín na Roinne Oideachais agus Eolaíochta ar chaoi ar bith. Déantar tagairt d'fhéinmheas an pháiste, go mór mór i gcás an pháiste lag.

I gCaibidil 2, déantar cur síos ar na modhanna a úsáidtear sa taighde. Cé go raibh sé i gceist i dtosach modh cainníochtúil a úsáid agus taighde níos forleithne a dhéanamh, socraíodh modh cáilíochtúil a úsáid agus is amhlaidh gur cuireadh múinteoirí i roinnt Gaelscoileanna in oirthear na tíre, inar pléadh ceisteanna measúnachta agus tacaíochta foghlama sa nGaelscoil. Chun pictiúr iomlán a fháil, pléadh cúrsaí réamhléitheoireachta agus léitheoireachta i gcoitinne freisin, agus litir ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta atá i seilbh an taighdeora a dhéileáil leis na ceisteanna céanna, agus bhí deis aige tuairimí na múinteoirí a fháil ar a raibh le rá ag an Roinn. Cuireadh na hagallaimh seo ar fad ar téip.

Tugtar torthaí na taighde i gCaibidil 3. Tógadh an t-eolas iomchuí ó na téipeanna agus cuireadh in ord é, agus rinneadh scagadh air. Déantar dhá chuid díobh: cleachtaisí sna scoileanna éagsúla; agus tuairimí faoi litir na Roinne. Tugtar cóip den litir féin san aguisín. Cuirtear síos ar na cleachtaisí scoil ar scoil, ag tabhairt cúlra na scoile, agus faoin na cinneteidil Tús na léitheoireachta, Measúnú, Tacaíocht Foghlama, Gaeilgeoirí le Fadhanna Léitheoireachta agus an Litir ón Roinn. Go hachomair, is féidir a rá nach raibh measúnú diagnóiseacha ná caighdeánach ar fáil i nGaeilge don mhatamaitic ná don léitheoireacht ag an am a rinneadhna hagallaimh. Bhain na scoileanna éagsúla feidhm as modhanna éagsúla sa réamhléitheoireacht, agus ní i gcónaí a tháinig na modhanna leis na cleachtaí a bheifí ag súil leo i scoil lán-Ghaeilge, ná go deimhin le treoirlínte na Roinne Oideachais ná an Fhorais Phátrúnachta, sa gcás gur tháinig an scoil faoin bhForas sin. Ba

é an t-aon áit a raibh cúrsaí sásúla ann ná sa rang tacaíochta foghlama don mhata, áit a mhúintear trí mheán na Gaeilge i ngach scoil.

Ó thaobh na litreach céanna, ligeadh do na múinteoirí í a léamh agus a gcuid tuairimí a thabhairt, agus tá éagsúlacht sna freagraí dá bharr. Tugtar na torthaí de réir na n-ábhair a roghnaigh na múinteoirí féin. Arís, chuir na tuairimí sa litir iontas ar mhórchuid na múinteoirí, agus ní raibh gach duine acu sásta lena dúradh inti. Níor aontaíodh gur ábhar tacaíochta foghlama ná measúnaithe atá sa sraith Séideáin Sí, ná go bhféadfadh scoil ábhar fheiliúnach a ullmhú do chúrsa tacaíochta foghlama ar an dul céanna leo siúd a chuirtear ar fáil go proifisiúnta don Bhéarla.

Sa gcaibidil Anailís agus Plé, déantar scagadh ar na torthaí, agus pléitear iad faoi na cinnteidil a thugtar thuas. Anseo, breathnaítear ar na príomhphointí a tháinig chun solais, agus cuirtear na torthaí ó na scoileanna i gcomparáid lena chéile chun a bheith in ann teacht ar aon mhúnla a bhainfeadh leis na scoileanna i gcoitinne. Bhí cuid mhaith pointí ann a raibh cosúlachtaí go leor idir na cleachtais sna scoileanna éagsúla, agus déantar iarracht teacht ar thuiscint maidir leis na fáthanna leis seo.

Ina dhiaidh sin arís, tugtar achoimre ar an taighde in éindí le roinnt bheag mholtaí de chuid an taighdeora, mar shampla gur chóir d'eagraíocht leasmhar eicínt sraith sheimineáir a chur ar bun ar chúrsaí polasaí agus dlí do phríomhoidí, agus gur chóir comhairle dlí a fháil maidir le cleachtais na Roinne. Críochnaíonn an tuarascáil le liosta de leabhair agus d'ailt a ceadaíodh le linn na taighde, agus an t-aguisín ina bhfuil téacs na litreach a luadh thuas.

## **CAIBIDIL 1**

### **LÉIRMHEAS LITRÍOCHTA**

#### **An Ghaelscolaíocht**

Bíonn go leor caint ann faoin nGaelscolaíocht, ach an bhfuil aon tuiscint ann go ginearálta ar céard is Gaelscoil ann, agus céard is Gaelscolaíocht ann? Dá gcuirfí ceist ar dhuine den phobal, seans go ndéarfadh sé “Scoil a mhúineann trí Ghaeilge”. Ach ina dhiaidh sin, an amhlaidh go bhfuil aon tslat tomhais amháin ann a úsáideann chuile dhuine, agus b'fhéidir fiú nach bhfuil a leithéid de rud ann.

Tá dhá eagraíocht ann i bPoblacht na hÉireann a fheidhmíonn chun an Ghaelscolaíocht a chur chun cinn. “Gaelscoileann Teo” is ainm do cheann amháin acu agus is eagraíocht pholasaí ginearálta í, a fheidhmíonn chun leas na hearnála ina iomlán, ach nach bhfuil scoil ar bith faoina cúram. Tugann foilseachán dá cuid soiléiriú ar a dtuiscint ar céard is Gaelscoil ann:

Is bunscoil í an Ghaelscoil a fheidhmíonn faoi ghnáthrialacha na Roinne Oideachais. Tá an Ghaelscoil bunaithe ar na prionsabail chéanna agus atá an ghnáthscoil náisiúnta. Tá aidhmeanna breise ag an nGaelscoil áfach. Tá ionad breise inti ag an oidhreacht Ghaelach a shaibhríonn an curaclam agus ag an teanga féin toisc í a bheith mar ghléas teagaisc.(Gaelscoileanna, l.6)

Déantar an pointe a athrá ar son na soiléireachta:

## Caibidil 1

“Bíonn áit lárnach ag an nGaeilge i gcód iompair na scoile chomh maith. Mar ar dheireadh an ghné is sainiúla den Ghaelscolaíocht ná an t-iompar teanga.”

(Gaelscoileanna, 1.7)

Tá eagraíocht eile ann a fheidhmíonn chun an Ghaelscolaíocht a chur chun cinn, sa gcás seo mar phátrún do chuid de na Gaelscoileanna: Foras Pátrúnachta na Scoileanna Lán-Ghaeilge Teo. an t-ainm atá uirthi, ach is faoin ainm An Foras Pátrúnachta is mó a aithnítear í, agus sin é an t-ainm a úsáidtear anseo thíos. Is pátrún é an Foras Pátrúnachta ó bhí na luath 1990í ann, agus tagann sciar mhaith de na Gaelscoileanna a bunaíodh ó lár na 1990í ar aghaidh faoina pátrúnachta.

I measc na bpolasaithe éagsúla atá ag an bhForas Pátrúnachta, tá Polasaí Gaeilge an Fhorais ann. Sainaithnítear sa bpolasaí seo céard is Gaelscoil ann, agus luaitear ann na gnéithe a idirdhealaíonn Gaelscoil ó scoil náisiúnta/bunscoileanna eile. De réir an pholasaí seo, is iad seo thíos cuid de na tréiththe a shainíonn Gaelscoil:

- is í an Ghaeilge teanga 1 (T1)<sup>2</sup> de chuid na scoile;
- caithfidh gach éinne a oibríonn sa scoil, múinteoirí agus daltaí, foireann oifige agus bord bainistíocht san áireamh, í a úsáid le haghaidh gach cineál cumarsáide sa scoil;
- déantar an teagasc uilig sa teanga sin, an réamhléitheoireacht, an réamhscríobhneoireacht, an tacaíocht foghlama srl trí mheán na Gaeilge, an Béarla amháin as an áireamh. (Foras Pátrúnachta, 1???)

Ní féidir a rá go bhfuil an polasaí seo (nó polasaí ar bith) ag baint le gach Gaelscoil sa tír.

Tagann an chuid is mó de Ghaelscoileanna na 26 dhontae faoi phátrúnacht easpaig Chaitlicigh na fairche ina bhfuil an scoil lonnaithe, agus tagann corr-cheann faoi

## Caibidil 1

phátrúnacht eile. Ach ós rud gur eagraíocht tiomanta don Ghaelscolaíocht í, a d'fhás as gluaiseacht na Gaelscolaíochta, gach seans go dtiocfadh go leor de na scoileanna eile sin leis an leagan amach luaite thuas, nó leis an gcuid is mó de

Má ghlacann bunús na nGaelscoileanna – nó iad go léir fiú – leis an leagan amach thuas, bheadh ceisteanna ann faoin gcleachtas a bhaineann leis an bpolasaí a chur i bhfeidhm, is é sin le rá, an polasaí aonchineálach é, nó an gcuirtear é i bhfeidhm ar bhealaí éagsúla ag braith ar an scoil, ar na tuismitheoirí, ar an bpríomhoide a bhíonn ar scoil ar leith agus ar uile; agus is chuige sin a shoiléiriú a rinneadh an taighde seo.

### Caighdeán oideachais

Ach cén cineál oideachais a chuireann na scoileanna seo ar fáil? Is dócha gurb é seo croí na ceiste ar mhaith liom a phlé anseo. Maítear go dtugann siad oideachas den scoth dá ndaltaí, ach is deacar a rá céard a chiallaíonn sé seo. Cloistear ráitisí faoi chaighdeán na Gaeilge sna scoileanna seo, agus faoi chaighdeán an Bhéarla iontu. Ní mór measúnú ar an mBéarla sna scoileanna, ag úsáid uirlisí caighdeánacha, de réir Imlitir 0138/2006 de chuid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta, ach is cosúil nach bhfuil an t-aon uirlis atá ar fáil chun measúnú caighdeánach a dhéanamh ar chaighdeán na Gaeilge "as dáta", agus nach bhfuil sí in úsáid go rialta níos mó:

Mar sin féin, teastaíonn trialacha caighdeánaithe agus diagnóiseacha chun páistí a mheas ... nuair nach bhfuil ach trialacha Droim Conrach ar fáil i nGaeilge agus iad as dáta. De réir An Foras Taighde ar Oideachas, Droim Conrach, is beag scoil a lorgaíonn na trialacha seo fiú amháin. (Ní Bhaoill, l. 169)

---

<sup>2</sup> Pléitear na téarmaí T1 agus T2 thíos.

## Caibidil 1

Tiocfaidh mé ar ais fo dtí an pointe seo ar ball nuair a bhreathnóidh mé ar Acht Oideachais 1998.

### Fadhbanna léitheoireachta

Bíonn fadhbanna léitheoireachta réasúnta coitianta i sochaí an lae inniu. Dar le staidéar amháin a luaitear sa tuarascáil "Report of the Task Force on Dyslexia", bíonn fadhb eicínt leis an léitheoireacht ag suas le 11% de bhuachaillí agus le suas le 7% de chailíní i rang a cúig, agus dar le staidéar eile bíonn an fhadhb ag 6.5%-8.5% de ghasúir ag aois a ceathair déag:

In the 1998 National Assessment of English Reading in fifth class, 11% of boys and 7% of girls were judged by their teachers to be reading at a third-class level or lower. In an earlier study, it was estimated that between 6.5% and 8.5% of Irish 14-year olds had literacy problems that are likely to impede their educational development and their life chances.

(ROE, 2001, 1. 2)

Is suimiúil nach luann an tuarascáil seo ar an disléicse figiúirí ar bith don léitheoireacht Ghaeilge. Níl le rá aici faoin nGaeilge agus na deacrachtaí a bhain le measúnú ar chumas agus ar dul chun cinn sa nGaeilge ach an méid seo: "The difficulties that arise in assessing the ability and achievements of students whose first language is Irish were also mentioned." (ROE, 2001, 1. 9-10)

Le linn don tuairisc cheánna a bheith á hullmhú, cuireadh isteach aighneachtaí maidir leis an ábhar idir chamáin, agus sa gcomhthéacs seo déantar tagairt do sheirbhísí taca/feabhais a bheith ar fáil i nGaeilge:

## Caibidil 1

A small number of submissions stated that a modified Irish programme should be made available for those with dyslexia. A few submissions suggested that those receiving mainstream instruction in Irish, especially native speakers, should receive support teaching in Irish. (ROE, 2001, l. 11)

Ní léir go ndearna lucht scríofa na tuairisce staidéar ar fhorálacha an Acht Oideachais i leith seirbhísí taca go ginearálta, agus na forálacha in Airteagal 7 den acht ach go háirithe, a phléitear thíos.

### **Cúrsaí Dlí 1: An tAcht Oideachais 1998 - seirbhísí taca i nGaeilge: ceart aitheanta i ndlí**

Is díol suntais iad na sleachta thuas, sa méid go dtaispeánann siad aineolas ar an dlí. Baineann forálacha éagsúla de chuid an Acht Oideachais 1998 leis an ábhar idir chamáin anseo. Tá forálacha ann a leagann síos de réir dlí go gcaithfidh an tAire Oideachais seirbhísí taca a chur ar fáil i nGaeilge. Tá siad bunúsach don obair idir lámha, agus dá bhrí sin, tugtar sleachta thíos atá bainteach leis an ábhar.

Léiríonn airteagal 7 den Acht feidhmeanna an Aire Oideachais agus Eolaíochta, agus ina measc siúd is fiú go mór aird ar leith a thabhairt ar 7(1)(a) agus ar 7(1)(c)(ii):

7(1) **Is feidhm de chuid an Aire** faoin Acht seo gach ceann de na nithe seo a leanas:

(a) **a chinntiú**, faoi réir fhorálacha an Achta seo, **go gcuirfear ar fáil do gach duine a chónaíonn sa Stát**, lena n-áirítear duine atá faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais speisialta eile oideachais aige nó aici,



## Caibidil 1

**seirbhísí taca** agus leibhéal agus cáilíocht oideachais is cúí chun freastal ar riachtanais agus cumais an duine sin,

(b) an beartas náisiúnta oideachais a chinneadh, agus

(c) **pleanáil agus comheagrú a dhéanamh**—

(i) ar sholáthar an oideachais i scoileanna aitheanta agus i lárionaid oideachais, agus

(ii) **ar sheirbhísí taca.**

(béim curtha leis ag an údar seo).

Tá tábhacht ar leith ag baint le halt 7(2)(a) & (d) freisin i gcomthéacs na seirbhísí taca a bheith ar fáil i nGaeilge:

7(2) Gan dochar do ghinearáltacht fho-alt (1), **is feidhm de chuid an Aire** gach ceann díobh seo a leanas:

(a) maoiniú a chur ar fáil do gach scoil aitheanta agus do gach lárionad oideachais agus **seirbhísí taca a chur ar fáil** do scoileanna aitheanta, do lárionaid oideachais, **do mhic léinn**, lena n-áirítear mic léinn atá faoi mhíchumas nó a bhfuil riachtanais speisialta eile oideachais acu, agus dá dtuismitheoirí, de réir mar is cúí leis an Aire agus de réir an Achta seo;

...

(d) **seirbhísí taca trí Ghaeilge a sholáthar do scoileanna aitheanta a chuireann teagasc trí Ghaeilge ar fáil** agus d'aon scoil aitheanta eile a iarrann soláthar den sórt sin.

(béim curtha leis ag an údar seo).

## Caibidil 1

Dá réir sin, faoin gcuid seo den Acht , ní mór don Aire seirbhísí taca a chur ar fáil do gach duine a chónaíonn sa Stát, agus ní mór dó pleanáil agus comheagrú a dhéanamh orthu. Chomh maith leis sin, ní mór don Aire seirbhísí taca a chur ar fáil do scoileanna aitheanta agus do mhicléinn, agus ní mór dó seirbhísí taca trí Ghaeilge a chur ar fáil do scoileanna a mhúineann trí Ghaeilge. Ón bhfoclaíocht a bhaintear feidhm as, níl aon dul as ach na seirbhísí seo a chur ar fáil i nGaeilge do scoileanna a mhúineann trí mheán na Gaeilge - ní gá dóibh na seirbhísí a iarraidh, cé gur féidir le scoileanna aitheanta eile é sin a dhéanamh. Is ceart é faoin dlí na seirbhísí seo a bheith ar fáil i nGaeilge, agus tá dualgas ar an Stát – i bpearsa an Aire Oideachais – na seirbhísí taca a chur ar fáil i nGaeilge. Ag breathnú anois ar Airteagal 2, sainmhínítear dúinn céard is seirbhís taca ann i gcomhthéacs an Achta seo:

ciallaíonn "seirbhísí taca" na seirbhísí ... de réir alt 7 agus folóidh sé aon cheann nó gach ceann de na nithe seo a leanas:

(a) **mic léinn a mheasúnú;** ...

(m) seirbhísí taca curaclaim agus seirbhísí comhairleacha foirne, agus

(n) **cibé seirbhísí eile a shonraítear leis an Acht seo** nó is cuí leis an Aire;

(béim curtha leis ag an údar).

I measc na seirbhísí luaite thuas, tá measúnú agus seirbhísí taca curaclaim ann, agus “cibé seirbhísí eile a Shonraítear leis an Acht seo nó is cuí leis an Aire”. Tá tábhacht ag baint leis seo, mar cuirtear seirbhísí tacaíochta ar fáil nach sonraítear san Acht; ach folaíonn an tAcht iad. Níor mhór mar sin iad seo a sholáthar i nGaeilge do scoileanna a mhúineann trí mheán na Gaeilge. An cheist a bhfuil ann ná an bhfuil an tAire ag feidhmiú

## Caibidil 1

de réir an Achta. Is é sin le rá, an bhfuil na seirbhísí taca seo á gcur ar fáil do scoileanna lánGhaeilge i dteanga na scoile, agus é seo gan aon cheist agus ar an leibhéal céanna is a mbeadh siad ar fáil i scoileanna Béarla i dteanga na scoileanna sin.

### **Cúrsaí Dlí 2. An Bunrecht, agus Ciorcláin agus Treoirínte na Roinne Oideachais agus Eolaíochta**

Pléann Airteagal 8 den Bhunrecht cúrsaí teanga. Aithnítear an Ghaeilge mar an teanga náisiúnta agus oifigiúil. Aithnítear an Béarla mar dara theanga oifigiúil, agus aithníonn alt 8.3 gur féidir leagan amach i ndlí feidhmeanna áirithe i ndáil le húsáid ceachtar den dá theanga chun críocha ar leith. Seo thíos téacs an airteagail i gceist:

#### **Airteagal 8**

1. Ós í an Ghaeilge an teanga náisiúnta is í an phríomhtheanga oifigiúil í.
2. Glactar leis an Sacs-Bhéarla mar theanga oifigiúil eile.
3. Ach féadfar socrú a dhéanamh le dlí d'fhonn ceachtar den dá theanga sin a bheith ina haonteanga le haghaidh aon ghnó nó gnóthaí oifigiúla ar fud an Stáit ar fad nó in aon chuid de. (Rialtas na hÉireann, 1937)

Ní dlíodóir é an taighdeoir seo, ach cheapfaí gur “socrú a dhéanamh le dlí” atá sna forálacha den Acht Oideachas 1998 a ordaíonn seirbhísí taca trí Ghaeilge a sholáthar do scoileanna aitheanta a chuireann teagasc trí Ghaeilge ar fáil .i. na Gaelscoileanna agus scoileanna Gaeltachta.

Bhí raibh cásanna éagsúla cúirteanna ann thar na mblianta bainteach leis na cúrsaí seo, agus b'fhéidir gurb í an bhreith sa gcás Ó Beoláin vs An Stát sa mbliain 2001 ar an gceann is tábhachtaí. Tar éis chás Uí Bheoláin, ní mór an cheist a chur an bhfuil cead ag

## Caibidil 1

an rialtas teanga oifigiúil amháin (seachas an dá theanga) a roghnú dá chuid gnothaí ach amháin faoi dhlithe a rialaíonn cúrsaí teanga. Ní mór an méid a dúirt an breitheamh Hardiman ina bhreith sa gcás sin san áireamh:

Is é mo thuairimse nach féidir an Ghaeilge arb í an teanga náisiúnta í agus, san am céanna arb í príomhtheanga oifigiúil an Stáit í, a eisiamh (ar a laghad in éagmuis dlí den chineál a shamhlaítear le hAirteagal 8.3) ó aon chuid de dhioscúrsa poiblí an náisiúin nó ó aon ghnó oifigiúil de chuid an Stáit ná de chuid aon cheann dá bhail. Ná ní féidir caitheamh léi sna comhthéacsanna seo ar shlí ar bith nach bhfuil chomh fabhrach leis an tslí a gcaitear leis an dara teanga oifigiúil. Ná ní féidir iad siúd atá inniúil agus ar mian leo í a úsáid chun iad féin a chur in iúl nó chun cumarsáide, a chosc nó a fhágáil faoi mhíbhuntáiste agus iad á dhéanamh sin in aon chomhthéacs náisiúnta nó oifigiúil. (McGuinness &rl)

Tá roinnt pointí tábhachtacha anseo.

- Ní féidir an Ghaeilge a eisiamh ó aon chuid de ghnó oifigiúil an stáit;
- Ní féidir caitheamh leis an nGaeilge níos measa ná leis an mBéarla;
- Ní féidir duine atá á húsáid a fhágáil faoi mhíbhuntáiste i gcomhthéacs oifigiúil.

Is prionsabail iad seo a leathnódh úsáid na Gaeilge go dtí gach réimse saoil in Éirinn, agus má chuirtear cosc ar dhuine ar bith i mbun a chuid gnotha, cheapfá seasamh an láidir aige sna cúirteanna.

## Caibidil 1

### Rogha an tSaoránaigh

Mar a chonaic muid thuas, tá glactha ag an gCúirt Uachtarach leis an bprionsabal go bhfuil an cead ag an saoránach a rogha teanga a úsáid i gcúrsaí oifigiúla, fiú má tá an teanga oifigiúil eile ar a thoil aige. Ní mór don Stát glacadh le rogha teanga an tsaoránaigh, nó an duine (is cosúil go mbíonn an cead céanna ag an duine nach saoránach é is a bhíonn ag an saoránach anseo) – níl cead ag an stát teanga amháin a bhrú ar an duine. Is cás tábhachtach eile é sa gcomhthéacs seo ná An Stát vs Mac Gamhnia. Cé go mbaineann sé le cúrsaí teanga sna cúirteanna agus os comhair binsí, is cosúil go bhféadfaí é a leathnú go dtí réimsí eile freisin. Rialaigh an Ardchúirt nach raibh cead ag cúirt ar bith iachall a chur ar éinne an Béarla (ná an Ghaeilge) a úsáid:

1. ...tá sé de cheart ag gach páirtí a thagann ós comhair na cúirte ... a thaobh féin den chás a phlé as Gaeilge .... Agus fianaise tré Ghaeilge do chur i láthair na cúirte ...

(Séamas Ó Tuathail, 1999, l. 36)

Ina dhiaidh sin, faoin mBunreacht, níor bhain sé leis an gcúirt a fhiafraí d'éinne an raibh teanga oifigiúil aige seachas an teanga a thogródh sé a úsáid é féin:

2. Níl feidhm ag an gcúirt ... fiafraí an bhfuil eolas ar an mBéarla ag an té gur mian leis úsáid a bhaint as an nGaeilge – tá ceart aige fé'n mBunreacht rogha a dhéanamh den phríomh-theanga oifigiúil más áil leis ...

... tharlódh go gcuirfí moill ar imeachtaí ... ach ní fuláir cur suas leis na fadhbanna san d'fhonn beart do dhéanamh do réir an Bhunreachta

(Ó Tuathail, 1999, l. 36)

## Caibidil 1

Más fíor i gcúrsaí oideachais go bhfuil tuismitheoir ag rá amach go soiléir leis an Stát gurb í a rogha teanga í an Ghaeilge i gcás go gcuireann sé a chuid páistí chuig Gaelscoil, chaitheadh an Stát glacadh lena mhian.

### **An léitheoireacht agus seirbhísí taca**

Aithnítear réimse seirbhísí taca san Acht Oideachais, 1998; aithnítear gur féidir leis an Aire Oideachas agus Eolaíochta cur leis an liosta. Díreoidh an staidéar seo ar réimse amháin acu go príomhdha, ceann atá bunúsach sa scolaíocht, agus ceann nach féidir a rá sa sochaí ina bhfuil muid ag maireachtáil go bhfuil oideachas iomlán ar dhuine dá uireasa: an léitheoireacht agus litearthacht. Dírítear ar thús na léitheoireachta, ar mheasúnú caighdeánach, ar sheirbhísí tacaíochta, agus cuirtear suim ar leith ar an bpáiste a bhfuil an Ghaeilge ós dhúchas aige agus an chaoi a dhéileáiltear leis taobh istigh den chóras

D'fhoilsigh an Roinn Oideachas tuarascáil bainteach leis an ábhar, an Report of the Dyslexia Task Force sa mbliain 2001, agus mar a luaitear thíos, tháinig rudaí suntasach anuas sa tuarascáil sin.

I dtuarascáil eile, nó doiciméad comhairliúcháin, *Teanga agus Litearthacht i mBunscoileanna ina bhfuil an Ghaeilge mar Mheán - Cuntais ar Chleachtas* (An Chomhairle Náisiúnta Churaclaim agus Measúnachta, 2006) pléitear cás sé scoil ina bhfuil an Ghaeilge in úsáid mar mheán teagaisc. Is scoileanna Gaeltachta trí cinn acu, is Gaelscoileanna péire agus tá doiléireacht ag baint leis an séú scoil, ní léir an Gaelscoil í, an scoil Ghaeltachta í, nó an dá rud ag an am céanna.

## Caibidil 1

I measc an ábhair eile sa tuairisc seo, déantar cur síos gairid ar an gcleachtas i leith tacaíochta foghlama. Ón méid atá sna cuntais seo, bíonn an Béarla in úsáid mar theanga na n-uirlis measúnaithe, agus cé go mbíonn idir Bhéarla agus Ghaeilge in úsáid sna scoileanna seo mar theanga feabhais, ní coitianta úsáid na Gaeilge i gceachtar den dá suíomh, sa nGaeltacht ná sa nGalltacht. Seo thíos sampla de na cleachtaisí seo - as scoil sa nGaeltacht:

Thug múinteoir tacaíochta foghlama agus múinteoir acmhainne cuairteanna ar an scoil i gcaitheamh na seachtaine. Tacaíocht sa Bhéarla agus sa mhatamaitic ba chúram don mhúinteoir tacaíochta foghlama. Bhraith na múinteoirí go ndeachaigh sé chun leasa a gcuid Gaeilge tacaíocht a bheith ar fáil ag na páistí sa Bhéarla... (CNCM, 1.8)

Maidir le **measúnú**, i scoil eile Ghaeltachta:

Luaigh siad ... nach raibh aon uirlísí measúnaithe Gaeilge ar fáil. Ba i mBéarla amháin a bhí triail ghnóthachtála matamaitice ar fáil (CNCM, 1.15)

Cé go luaitear iad mar scoileanna Gaeltachta is léir ón tuairisc gur sa mbreacGaeltacht atá an péire, rud a bhaineann d'ionadaíocht an staidéir mar staidéar ar scoileanna lánGhaeilge agus Gaeltachta:

Scoil A. ... Teanga/teangacha a labhraítear sa bhaile: Labhraítear Béarla i ngach aon teaghlach agus is iomaí teaghlach a labhraítear Gaeilge iontu. (CNCM, 1. 5)

agus

## Caibidil 1

Scoil B. ... Teanga/teangacha a labhraítear sa bhaile: Labhraíonn gach teaghlach Béarla. Is é príomhtheanga an phobail é. Tá Gaeilge ag mórchuid tuismitheoirí ach is beag teaghlach ina labhraítear í. (CNCM, l. 11)

Ar ndóigh, is deacair a smaoineamh go ndéanfadh an Ghaeilge aon dul chun cinn mór ina leithéid d'atmósféar, agus is deacair a smaoineamh nach mbainfeadh sé d'féiniúlacht páiste ar bith leis an nGaeilge ó dhúchas aige a bheadh ag freastal ar scoil ina bhfeidhmítear amhlaidh. Ach ní móide gur eisceachtaí iad na scoileanna seo: luann Ní Bhaill gur i mBéarla is mó a thugann múinteoirí tacaíochta cabhair bhreise do pháistí i scoileanna Gaeilge: as beagnach 14% a fhaigheann tacaíocht bhreise, faigheann 1.85% an tacaíocht i nGaeilge agus 11.78% an tacaíocht i mBéarla. Ní luaitear fáth ar bith leis seon ná ní dhéantar tagairt don fhoráil san Acht Oideachais 1998 a ordaíonn seirbhísí i nGaeilge do na scoileanna sin.

### **Tuarascáil ar an Oideachas Feabhais:**

#### ***Study of Remedial Education in Irish Primary Schools, Summary Report***

Sa mbliain 1996, is é sin le rá, sular ritheadh an tAcht Oideachais reatha, d'iarr an Roinn Oideachais (mar a bhí) ar an Educational Resource Centre (Coláiste Phádraig, Droim Chonradh) tabhairt faoi staidéar ar mhúinteoireacht feabhais i mbunscoile na tíre. I measc na 11 pointí taighde, bhí:

- an bhonn ar a roghnaíodh daltaí le haghaidh tacaíochta foghlama
- líon na ndaltaí a bhí ag fáil tacaíocht sna hábhair seo: Béarla, matamaitic, agus Gaeilge (Shiel &rl, l. v).



## Caibidil 1

Chuimsigh na téarmaí tagartha réimse ábhair eile: measúnú diagnóiseach, na spriocanna a chuir múinteoirí rompu i ndáil leis an múinteoireacht feabhais, chomh maith le modhanna agus acmhainní, cur chuige, agus ar uile, ach gan iad a cheangal le ceachtar den dá theanga, Gaeilge ná Béarla.

Maidir leis na modhanna taighde sonraithe, bhí:

- Suirbhé ar tacaíocht foghlama sna scoileanna
- staidéar ar chláiracha Béarla do dhaltaí i ranganna feabhais
- Anailís orthu siúd a fuair ranganna breise
- Iarstaidéar orthu siúd a fuair tacaíocht don Bhéarla (Shiel &rl, l. vi).

San achoimre (ll. ix – xii) ar an Summary Report seo, luaitear an Béarla 14 huair. Ní luaitear an Ghaeilge ann ar chor ar bith. Déantar plé i gCaibidil 4 ar na huimhreacha a fuair tacaíocht sna ranganna feabhais.

All schools with access to an officially-sanctioned remedial education teacher provide remedial teaching in English ... only 40.74% of the schools provide remedial education in mathematics (Shiel &rl, l. 19).

Ar an taobh eile de,

Just three schools in the sample (1% of all schools) indicated that they provided remedial teaching in Irish (Shiel &rl, l. 20).

Is é sin le rá, 3 cinn as 359 scoil a ghlac páirt sa taighde, céatadán fíor íseal. Smaoinigh go raibh 91 Gaelscoileanna (2.8 % de scoileanna na tíre) sa mbliain 1995-1996, agus 114 (nó 3.6%) i 1999-2000 (Coady & Ó Laoire, l. 148); agus níl na scoileanna Gaeltachta sa áireamh sa bhfigiúr seo.

## Caibidil 1

I gcaibidil 6, “The Programmes in English for pupils in remedial classes” luaitear an Ghaeilge don uair dheireannach sa leabhar.

Class teachers indicated that ... None of the pupils of either first class or fifth class received remedial teaching in Irish (Shiel &rl, l. 36).

Ní thagraítear don Ghaeilge sa Tátal, agus is mó an t-iontas fós, ní luaitear í ar chor ar bith sna moltaí (Recommendations). Ina choinne sin, luaitear an Béarla 8 n-uaire i 6 cinn de na 24 mholtaí.

Sa tuarascáil seo, in ainneoin an teidil, is léir gurb é a bhí ag dó na geirbe ag na húdair ná an tacaíocht foghlama don mhúinteoireacht feabhais i mBéarla, le sracfhéachaint ar an Matamaitic agus an thagairt fhánach don Ghaeilge. Is í an cheist is gá a chur, ná an bhfuair na húdair treoracha gan bacadh leis an nGaeilge nó ar shocraigh siad é sin a dhéanamh as a stuaim féin. Tá an t-easnamh chomh folasach sin, go mór mór ag leibhéil na gconclúidí; agus níos tábhachtaí arís, níor smaoinigh siad aon mholadh ar chor ar bith a dhéanamh faoin nGaeilge. Is deacair a chreidiúint nár cuireadh ina luí ar an taighdeoir nach raibh aon tábhacht ag baint leis an nGaeilge, agus go bhféadfaí í a fháil ar lár. Bíodh sin mar atá, is iompar thar a bheith mí-phroifisiúnta óna thaobh-sa.

### Féinmheas

Gné eile den ábhar seo is ea féinmheas an dalta; ní mór smaoineamh orthu siúd a bhfuil dá dtógáil le Gaeilge. Páiste ar bith atá éagsúil ón gcuid eile, is minic go mbíonn gasúir eile ag spochadh as, nó ag déanamh ceap magaidh dó; nó tarlaíonn go n-airíonn sé difriúil leis na gasúir eile. An duine atá lag, mar a bhíonn an té a bhfuil deacracht foghlam aige, baintear amach as an rang é chun ranganna breise a thabhairt dó. Is éard is aidhm leis seo,

## Caibidil 1

ar ndóigh chun go mbeidh sé in ann teacht suas leis na páistí eile, agus go mbeidh sé in ann na ranganna a leanacht gan chuidiú breise ar ball. Bheadh an méad a dúirt Bermúdez ábharach sa gcomhthéacs seo:

Área esolar: El niño se evalúa para ver si da la talla en comparación con los modelos que padres o maestros le han ido enseñando de cómo debe ser un estudiante ideal. Para ello, el niño se compara con el rendimiento académico de sus mejores amigos, del resto de la clase o del compañero que obtiene las mejores calificaciones. (Bermúdez, 1.21) <sup>3</sup>

An té atá lag, bíonn fadhb ar leith aige, feiceann sé go bhfuil sé éagsúil, níl sé in ann a dhéanamh mar a dhéanann chuile dhuine, agus seans go n-airíonn an páiste níos measa fós ag an am a dtógtar amach as a rang dó, mar go mbíonn a theip níos feiceálaí ná mar a bhíonn nuair is féidir leis dul i bhfolach i measc a chuid cairde. B'fhéidir fiú go gcreideann sé go dtarlaíonn an teip i ngeall air féin - níor oibrigh sé sách maith, nó ní dhearn sé a chuid obair bhaile srl. (Bermúdez, 1.59). Sa mullach ar sin, i gcás gur Gaeilgeoir ó dhúchas é, ag freastal ar scoil Ghaelach, agus go bhfaigheann sé taca in ábhar, más i mBéarla a dhéantar é, feiceann sé b'fhéidir, nach leor a theanga féin chun an obair sin a dhéanamh, is buille eile dó é sin agus seans go dtiteann a chuid féinmheas níos faide fós.

### **Irish in Primary Schools: Long-Term National Trends in Achievement**

Pléitear an léitheoireacht sa gcaibibil, *Irish Reading Achievement* sa tuarascáil seo. Deir

---

<sup>3</sup> An Scoil: Déanann an páiste measúnú air féin le fáil amach cé mar a éiríonn leis ó thaobh na múnlaí a thug a thuismitheoirí agus a mhúinteoirí dó faoi mar a bheadh an dalta foirfe. Chun é seo a dhéanamh, breathnaíonn an páiste ar thorthaí acadúla a chuid cairde is fearr, an choda eile den rang nó an compánach is fearr sa rang agus déanann comparáid idir é féin agus iad.

## Caibidil 1

an t-údar: “a new test of Irish reading was developed for use in the survey” agus leanann sé ar aghaidh chun an fáth a mhíniú:

... we have no data on reading that can contribute to the dominant theme of the present report (changes over time in achievement) ...

The main reason for including an assessment of reading in the survey was to establish levels of achievement of the objectives of the Primary School Curriculum as outlined in the 1971 version of the curriculum ... this was the curriculum in place for the primary schooling of our target population (pupils in sixth grade) (??l. 80).

Míníonn an t-údar go raibh dhá churaclam i gceist, curaclam le haghaidh scoileanna Bhéarla (scoileanna T2 nó teanga 2) agus curaclam eile le haghaidh scoileanna Ghaeilge (scoileanna T1 nó teanga 1). Forbraíodh dhá uirlis mheasúnú dá bharr, ceann amháin do na scoileanna T2 (Béarla), agus ceann eile le haghaidh scoileanna T1 (Gaeilge). (??l. 80)

Míníonn na húdair nach aonchineálach atá na scoileanna Gaeilge ach an oiread, ach go bhfuil Gaelscoileanna agus scoileanna Gaeltachta ina measc:

The results of these analyses are relevant to questions about the extent to which schools within each of these three types (ordinary, all-Irish, and Gaeltacht) can be regarded as homogeneous (??l. 80).

Déantar scagadh ar thorthaí na scoileanna Béarla ar an taobh amháin, agus ar na scoileanna Gaeilge ar an taobh eile, agus ó thaobh na scoileanna Gaeilge de, tháinig sé chun solas go bhfuil difríochtaí móra idir torthaí sna scoileanna Gaeltachta agus sna Gaelscoileanna. Go deimhin, bhí torthaí na nGaelscoileanna cuid mhaith níos fearr ná torthaí na scoileanna Gaeltachta: “the mean percentage correct scores for all-Irish school

## Caibidil 1

pupils (72.8%) is a good deal higher than that for Gaeltacht school pupils (58.1%)” (??l. 85). Arís, ag breathnú na dtorthaí ag leibhéal na scoileanna agus cineálacha na scoileanna, deir na húdair go mbaineann cuid mhaith de na difríochtaí idir scoil amháin agus scoil eile seachas éagsúlacht an-mhór a bheith taobh istigh d’aon scoil ar leith: “A measure of the heterogeneity within the three samples is the percentage of total variance in the achievement measure that lies between schools” (??l. 93). Tugtar na torthaí mar seo: ag 26%, is sna Gaelscoileanna is lú atá an éagsúlacht ann; ansin na scoileanna Béarla, ag 40%; agus bhí an éagsúlacht is mó sa sampla Gaeltachta, le 50%. Ag déanamh tagairt don fhiigiúr an-ard do scoileanna na Gaeltachta, deirtear:

in the Gaeltacht ... some schools cater mainly for pupils from homes where Irish is spoken, and others mainly for pupils from homes where relatively little Irish is spoken (??l. 94)

Is geall le scoileanna Galltachta iad, is cosúil, cuid de na scoileanna Gaeltachta oifigiúla, mar sin, ach cuid eile acu bíonn mórchuid na bpáistí ag caint Gaeilge sa mbaile. rud a fhágann éagsúlacht mhór idir dhá cheann an scála sa nGaeltacht.

Cuirtear na figiúirí i gcodarsnacht leis na torthaí idir scoileanna i Matamaitic agus i mBéarla, áit a bhfuil idir 12% agus 22% i gceist – éagsúlacht i bhfad níos lú. Mínítear go bhféadfadh na torthaí don Ghaeilge a bheith amhlaidh freisin i ngeall ar pholasaithe agus cleachtais i scoileanna ar leith, nó de bharr grúpaí ar leith a bheith ag freastal ar chuile chineál scoile.

### Learning Support Guidelines

## Caibidil 1

Is treoirlínte de chuid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta ón mbliain 2000 atá anseo chun cuidiú a thabhairt do mhúinteoirí a bhíonn ag obair sa réimse tacaíochta foghlama agus do thuismitheoirí a bhfuil páistí acu le deacrachtaí foghlama nó a bhíonn mall chun foghlaim (ROE, 2000, l. 7). Deirtear freisin go gcruthaíonn staidéir Éireannacha agus ón gcoigrích gur beag an feabhas a tháinig ar chúrsaí léitheoireachta ag an mbunleibhéal in Éirinn ó bhí 1988 ann, agus ní hamháin é sin, ach go mbíonn deacrachtaí sa léitheoireacht ag sciar nach beag de pháistí na tíre ar fhágáil na bunscoile dóibh.

Lean an cháipéis *Learning Support Guidelines* as tuarascáil a foilsíodh sa mbliain 1998, an *Survey of Remedial Education in Irish Primary Schools Report*. Rinneadh cur síos ar an gcháipéis sin thuas, agus chonaic muid go ndearnadh an tuarascáil sin réimse moltaí maidir leis an tacaíocht foghlama sna scoileanna, ach nár cuireadh an Ghaeilge san áireamh ar chor ar bith. D'fhás na treoirlínte seo as an staidéar sin, agus tugann siad eolas agus treoir i dtaca le conas an páiste mall nó an páiste le deacrachtaí foghlama a aithint agus nósanna maidir le measúnú diagnóiseach ar an taobh amháin, agus cé acu daltaí ar chóir a roghnú chun ranganna breise a fháil, bunaithe ar an measúnú sin. (ROE, 2000, l. 10)

Is cosúil gurb éard is aidhm leis na seirbhísí tacaíochta foghlama ná a chinntiú go n-éiríonn le gach dalta bunús maith a fháil san uimhríocht agus sa léitheoireacht faoi dheireadh na bunscoile Chuige sin, tá ráiteas tábhachtach polasaí sa gcaibidil seo:

draw up and implement whole school policies, systems and supports for pupils with low achievement in English<sup>1</sup> and mathematics ... (ROE, 2000, l. 14).

agus an fo-nóta a ghabhann leis:

## Caibidil 1

<sup>1</sup>Throughout this document, the terms ‘English’ and ‘literacy’ may denote Gaelige in cases in which Gaelige is the first language.”

Tá an-tábhacht ag baint leis an ráiteas seo, mar is í an t-aon tagairt í a dhéantar don Ghaeilge sa leabhar ar fad. Má tá fadhb ag baint leis, is í nach mínítear céard is “first language” ann; ach sanntar í sin i gcáipéis eile, más ar bhealach droim-ar-ais féin a dhéantar é sin:

Aithnítear na scoileanna ina múintear an Ghaeilge mar dhara teanga (scoileanna T2); is é an Béarla an teanga theagaisc ar an iomlán i scoileanna T2 (ROE, 1999, l. 3)

Tagann an Dyslexia Task Force Report leis an míniú seo freisin (ROE, 2001, l. 75)

Luaítear go gcaítear cláir tacaíocht foghlama a chur ar fáil don na páistí is laige sa scoil, go mór mór dóibh siúd ag an 10ú peirceintíl nó faoina bun “ar trialacha náisiúnta caighdeánacha sa léitheoireacht Bhéarla agus/nó matamaitic” (ROE, 2000, l. 15), agus is é an sprioc ná go mbeidh siad in ann páirt iomlán a ghlacadh sa gcuraclam ag léibhéal an ranga ina bhfuil siad. Ar ndóigh, chun é sin a dhéanamh, níor mhór teanga na scoile a bheith i gceist, nó caithfidh na daltaí na téacsleabhair a léamh, agus bítear ag súil iad seo a bheith i dteanga na scoile.

Chun na páistí cuí a roghnú le haghaidh ranganna tacaíochta, ní mór don mhúinteoir ranga “(i) ... an appropriate standardised screening measure” a úsáid agus a mharcáil; agus triail dhiagnóiseach a chur ar gach dalta a roghnófar le fáil amach céard a theastaíonn ón bpáiste (ROE, 2000, l. 23). Mar a dúradh cheana, ní dhéantar ach an t-aon tagairt amháin don Ghaeilge sa leabhar, agus is léir ó phointe (i) thuas nár smaoiníodh ar

## Caibidil 1

an nGaeilge nuair a scríobhadh na treoirlínte seo: feicfear thíos, nuair a phléifear torthaí na taighde nach bhfuil aon “appropriate standardised screening measure” ar fáil don Ghaeilge ach trialacha Dhroim Chonrach a scríobhadh sna 1970í.

Pléann Curaclam na Gaeilge (1999) an measúnú freisin. Faoin teideal “Léitheoireacht”, tá an méid seo le rá ann:

Is ar an méid Gaeilge a bheidh cleachtaithe ag an bpáiste i dtascanna éisteachta, labhartha agus léitheoireachta a bhunófar measúnú na léitheoireachta. Beidh an bhéim ar scileanna tuisceana i léitheoireacht na Gaeilge, agus ar an taoiléitheoireacht, ar an léitheoireacht fheidhmiúil, agus ar eolas agus pléisiúr a bhaint as téacs. (ROE, 1999, l. 145).

Leantar ar aghaidh le plé ar na huirlísí measúnaithe. Luaitear na trialacha caighdeánacha anseo go sonrach: “Tá réimse d’uirlísí éagsúla ann ... tríd síos go dtí na trialacha caighdeánaithe” (ROE, 2000, l. 146).

Moltar trialacha diagnóiseacha agus trialacha caighdeánacha gairmiúla a úsáid:

### ***Trialacha diagnóiseacha***

... Chuirfeadh réimse trialacha diagnóiseacha gairmiúla go mór le próiseas an mheasúnaithe sna scoileanna.

### ***Trialacha caighdeánacha***

... Chuirfeadh réimse trialacha caighdeánacha gairmiúla go mór le próiseas an mheasúnaithe sna scoileanna.

Feicfidh muid thíos nach ann do cheachtar den dá rud. Bheadh sé suimiúil dá bharr a fháil amach céard a bhí in intinn ag na húdair nuair a scríobh siad na hailt



## Caibidil 1

thuas; an ndóigh, seachas na focla deasa, tabhair faoi deara go mbaintear feidhm as an modh coinníollach don bhriathar “Chuirfeadh”.

### **Dyslexia Task Force**

Dar leis an Tascfórsa um Discléicse a bunaíodh sa mbliain 2000, gur gá freastal ar pháistí i scoileanna lánGhaeilge le deacrachtaí foghlama, ar aon dul le páistí eile. Luaitear freisin nach raibh trialacha léitheoireacta oiriúnacha ar fáil i nGaeilge ag an am. (ROE, 2001, l. 75).

### **Tús na léitheoireachta i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge**

Clúdaíonn an taighde seo cuid den ábhar céanna is atá luaite thuas. Mar sin féin, déantar roinnt pointí a bhfuil tábhacht leo i gcomhthéacs na taighde idir lámha anseo.

Luaitear nach mbaineann tábhacht leis an ord ina gcuirtear tús leis an léitheoireacht fhoirmiúil, i ngeall ar go mbíonn traschur scileanna ó theanga amháin go dtí an teanga eile. Mar sin féin, is cosúil go bhfuil fianaise ann ó údair eile *nach dtarlaíonn* an traschur as a stuaim féin, ach go gcaitear straitéisí a mhúineadh chun go dtarlóidh sé. (Ní Bhaoill, l. 159).

Maidir le torthaí na taighde féin, agus iad ag déanamh trácht ar pháiste le sainriachtanais oideachais, deirtear go bhfaigheann beagnach 14% de na páistí i scoileanna lánGhaeilge tacaíocht don léitheoireacht, agus is i mBéarla is mó i bhfad a tharlaíonn sé seo, ainneoin gur i nGaeilge a thosaíonn 60% acu ar an léitheoireacht fhoirmiúil.

Pointe eile, ná go maítear sa taighde gur chóir trialacha caighdeánacha a úsáid, agus maíonn an Roinn Oideachais agus Eolaíochta go bhfuil a leithéid ann (féach aguisín 1), tagann Ní Bhaoill & Ó Duibhir (l. 17) le tuairim an Dyslexia Task Force maidir le go

## Caibidil 1

bhfuil siad as dáta. I bhfocla an Lárionad Taighde ar Oideachas, “is beag scoil a lorgáíonn na trialacha seo”, dar leo.

Ón gcur síos thuas, is léir to bhfuil bunús láidir sa dlí do sheirbhísí tacaíochta agus measúnaithe a sholáthar trí mheán na Gaeilge i scoileanna lánGhaeilge, agus ní le haghaidh daltaí ar leith, ach do na daltaí ar fad, sa méid a theastaíonn na seirbhísí sin uathu. Tá sé chomh soiléir céanna nach gcuirtear na seirbhísí sin ar fáil ach do bheagán daltaí, in ainneoin na bhforálacha dlí. Níor mhór ceisteanna a chur mar gheall ar na fáthanna leis an cleachtas easnamhach seo.

## **CAIBIDIL 2:**

### **MODHEOLAÍOCH**

Nuair a roghnaíodh an t-ábhar seo, bhí eolas áirithe ag an údar faoi chúrsaí i roinnt Gaelscoileanna, bunaithe ar thaithí páistí aitheanta maidir le nósanna agus cleachtais áirithe i dtaca leis an measúnú agus an tacaíocht foghlama. Bhí tuairim aige mar sin nach raibh cúrsaí go hiomlán mar a bheifí ag súil leis, agus go mb'fhiú tabhairt faoi thaighde dá bharr le fáil amach arbh amhlaidh gur fhadhb logánta é seo a bhain le scoil nó dhó, nó arbh é go raibh fadhb fhorleathan ann a bhain leis na Gaelscoileanna go ginearálta, agus sa gcás gurbh ea, go mb'fhiú taighde a dhéanamh ar na hábhair sin chun a fháil amach cérbh iad na nósanna i nGaelscoileanna timpeall na tíre, go ginearálta.

Chun é seo a dhéanamh, níor mhór breathnú ar na modhana taighde a bhí le fáil chun rogha a dhéanamh a bheadh feiliúnach don obair idir lámha. Ba é an chéad rud le socrú ná arbh chóir modh cáilíochtúil nó modh cainníochtúil a úsáid chun teacht ar an eolas sin. I dtosach, smaoinigh an t-údar modh cainníochtúil a úsáid, agus ceistneoir a chur chuig gach Gaelscoil sa stát, le fáil amach cérbh iad na nósanna a bhí in úsáid i ngach scoil acu ó thaobh teanga agus seirbhísí taca/feabhais sna scoileanna sin go léir. Bhí súil aige aifhreacha maith a fháil ar an oibre, agus a bheith in ann scagadh a dhéanamh ar an eolas, é a chur i bhfoirm táblaí, agus tabhairt faoin anailís ansin. Bheadh dhá bhuntáiste ag baint leis an gcur chuige seo.

1. Dhéanfaí an mhórchuid den obair roimh dul i dteagmháil leis na scoileanna: ceistneoir a réiteach, scéim phíolóiteach a chur ar bun agus a mheas, agus ansin faoi dheireadh, an ceistneoir leasaithe a chur amach chuig na scoileanna. Ina dhiaidh sin,

## Caibidil 2

chaithfí dul i dteagmháil arís leis na scoileanna nár fhreagair, agus seans go gcaithfí é seo a dhéanamh dhá huair. Ach bheadh sciar mhór den obair déanta faoin am sin.

2. Thabharfadh cur chuige mar seo eolas ar nósanna go forleathan tríd an tír, agus ó chuile chineál Gaelscoile, ach aisfhreagra sásúil a fháil.

Ar ndóigh, baineann míbhuntáistí leis an gcur chuige seo freisin. Ar an gcéad dul síos, ní bhíonn smacht ag an taighdeoir ar na scoileanna a fhreagraíonn an ceistneoir, agus i gcás go mbíonn teorainn ama ann, d'fhéadfadh deacracht a theacht chun cinn.

Sa gcás i láthair, bhí teorainn ama ann. Faoin am ar tugadh faoin taighde, bhí deireadh na scoilbhliana ag teannadh linn, agus bhí an baol ann nach mbeadh dóthain ama ag príomhoidí, ag ceann de na hamanna is crúogaí den bhliain chun an cheistneoir a líonadh isteach agus a chur ar ais chuig an taighdeoir; agus chun leanacht suas ar na daoine a theip orthu ar chúis amháin nó ar chúis eile an cheistneoir a chur ar ais. Dúnann na bunscoileanna sa stát seo ag deireadh mhí an Mheithimh/tús mhí Iúil, agus ní bhíonn éinne sna scoileanna ina dhiaidh sin go dtí go gairid roimh tús théarma an Fhómhair. Dá bharr sin ní raibh dóthain ama ann chun go bhféadfadh an taighdeoir na céimeanna uile a chur i gcríoch, agus b'éigean malairt cur chuige a fháil.

Dá bhrí sin, b'éigean athbhreithniú a dhéanamh ar an modh oibre a bhí pleanáilte, agus b'fhacthas gur bealach eile chun tacht ar an gcineál eolas a theastaigh ná agallamh a chur ar phríomhoidí nó múinteoirí feabhais i ngrúpa scoileanna. Os rud go raibh sé ag obair i réigiún áirithe d'Fheidhmeannacht na Seirbhíse Sláinte ag an am, agus go raibh teagmháil áirithe aige leis na scoileanna sa gceantar sin tríd a chuid oibre, roghnaíodh na Gaelscoileanna sa gceantar sin, deich gcinn acu san iomlán, chun agallamh a chur orthu.

## Caibidil 2

Bhain fadhb amháin leis an gcur chuige seo sa méid is go bhfreastalaíonn páistí an taighdeora ar Ghaelscoil amháin acu seo, agus gur tháinig ceist chun tosaigh maidir le deacrachtaí léitheoireachta ag duine acu, ceist nár réitíodh go sásúil. Dá bharr sin, socraíodh an scoil sin a bhaint den sampla agus scoil eile díreach taobh amuigh den cheantar i gceist a chur ina háit.

Buntáiste amháin a bhaineann leis an gcur chuige seo ná go mbíonn an taighdeoir in ann ceisteanna a phlé go domhain, rud nach fíor faoin gceistneoir, agus sa mullach ar sin, ceisteanna timpeall ar an ábhar a phlé, rud a thugann léargas i bhfad níos leithne ar chúrsaí ná mar a thugann ceistneoir lom. Ar an ócáid seo, bhain an taighdeoir leas iomlán as an deis seo.

Ar an taobh eile de, is míbhuntáiste é le sampla beag mar ab éigean a roghnú sa gcás seo ná go mb'fhéidir nach mbeidh gach scoil sásta páirt a ghlacadh sa taighde, agus ní haon iontas é gur mar seo a bhí cúrsaí an uair seo.

Míbhuntáiste eile le grúpa beag ná nach gá go mbíonn an sampla ionadaíoch. Cé go mbaineann dhá ghné leis an bhfadhb seo sa gcás seo .i.

- i. seans nach mbeidh sé ionadaíoch ó thaobh na nGaelscoileanna i gcoitinne,
- ii. seans nach mbeidh sé ionadaíoch ó thaobh an phobail go ginearálta.

Ní féidir aon rud a dhéanamh faoi phointe 1 de, agus ní fadhb dúinn anseo é go mb'fhéidir nach mbíonn daltaí na nGaelscoileanna i gcoitinne ionadaíoch ó thaobh an phobail go ginearálta, mar ní bhaineann an taighde ach le Gaelscoileanna, agus ní taighde í a bhaineann leis an mórphobal ina bhfuil siad lonaithe.

## Caibidil 2

Mar a luadh thuas, bhí teorainn ama ann, agus b'éigean na hagallaimh a eagrú ar bhonn práinne agus taobh istigh de thréimhse gairid sula ndúnfadh na scoileanna do laethanta saoire an tsamhraidh.

Chuaigh an taighdeoir i dteagmháil leis na scoileanna ag iarraidh agallaimh a shocrú leis an deich scoil seo. Is mar seo a leanas a rinneadh é seo:

1. Cuireadh ríomhphost agus litir thríd an ngnáthphost chuig príomhoide gach scoil. Rinneadh amhlaidh ar fhaitíos a) go ngabhfadh gnáthlitir amú sa bpost, agus ar an taobh eile b) ar eagla nach mbeadh an duine cuí i ngach scoil ag léamh ríomhphost na scoile ar bhonn rialta. Mar a tharla, níor shroich gach rphost an duine cuí, agus dá bhrí sin sna cásanna sin, is maith gur cuireadh amach an litir mar cé go raibh sí níba mhoille, shroich sí na scoileanna sin.
2. Cuireadh glaoch gutháin ar chuile scoil roinnt laethanta tar éis an rphost agus an litir a sheoladh chuig na scoileanna, chun labhairt leis na príomhoidí. hÉiríodh labhairt le príomhoidí i seacht gcás, agus sna cásanna eile labhraíodh le rúnaí na scoile.
3. I gcás amháin den seacht gcás seo, dhiúltaigh an príomhoide scunscan a bheith páirteach sa taighde, ceal ama. Is scoil réasúnta nua a bhí i gceist, agus dá bhrí sin, is cosúil go raibh ualach mór oibre ar an bpríomhoide sin.
4. Sna sé chás eile inar éirigh leis an taighdeoir labhairt le príomhoide scoile, bhíothas sásta a bheith páirteach sa taighde. Ar an taobh eile de, sa trí chás nár labhair an taighdeoir le príomhoide, ní raibh sé in ann agallamh a eagrú, agus dá bharr sin ní raibh agallamh ann.
5. As an seisear a bhí sásta dul faoi agallamh, bhí duine amháin ann nach raibh in ann a bheith páirteach sa taighde ag an bpointe sin ar chúiseanna pearsanta, in ainneoin lá

## Caibidil 2

agus am a bheith socraithe le haghaidh agallamh. Mar sin sa deireadh, cuireadh agallamh ar chúigear san iomlán.

Anseo thíos, tugtar cur síos gairid ar na ceisteanna thuas a cuireadh sa gcúig scoil a ghlac páirt sa taighde. Tugtar anseo iad faoi na cinnteidil éagsúla ina ndéantar anailís orthu. Os rud é gur agallaimh leath-fhoirmeálta a rinneadh, ní go baileach mar a chéile a bhí cúrsaí i ngach scoil acu, agus bhí scoil amháin a d'imigh ón múnla sa méid is gur tugadh isteach an múinteoir tacaíochta foghlama agus an múinteoir feabhais in éindí leis an bpríomhoide in amanna áirithe le linn an agallaimh, rud a d'athraigh cúrsaí ar bhealach nach raibh an taighdeoir ag súil leis. I gcásanna áirithe, tá eolas ann nár tugadh ag an agallamh, ach a fuair an taighdeoir trí mhódhanna eile, i gcás nár tháinig an t-eolas chun cinn le linn an agallamh, nó i gcás inarbh éigean dó an t-eolas a sheiceáil. Chuige sin, bhain sé leas as suíomhanna idirlín an Fhorais Phátrúnachta, [www.foras.ie](http://www.foras.ie), agus Ghaelscoileanna, [www.gaelscoileanna.ie](http://www.gaelscoileanna.ie), áiteanna a bhfuil eolas áirithe faoi na scoileanna éagsúla, ó thaobh aois, pátrúnachta, eiteos creidimh srl. le fáil.

## Caibidil 2

### Ceisteanna

Baineadh leas as an múnla seo thíos agus an taighdeoir ag cur an agallaimh ar na múinteoirí sna scoileanna éagsúla.

An scoil:

- Pátrún scoile & éiteos creidimh
- Fad bunaithe
- Méid ranganna
- Líon páistí
- Gasúir le Gaeilge sa mbaile
- Polasaí teanga agus léitheoireachta

Tús na léitheoireachta:

- Am
- Gaeilge
- Béarla
- Áiseanna - Séideán Sí, Letterland, srl
- Polasaí scoile ina leith
- Polasaí ar leith ag an bpátrún

Seirbhísí taca:

Deacracht sa léitheoireacht

- Am a thagann chun solais
- Caoi a thagann chun solais
- Measúnú sa léitheoireacht:
- Am

Gaeilge

Béarla

Seirbhísí taca:

- Cineálacha
- Léitheoireacht
- Teanga
- Mata

Páiste le Gaeilge sa mbaile:

- Teanga bhaile an pháiste agus an scoil
- Gaeilgeoirí sa scoil
- Gaeilgeoirí le deacrachtaí sa léitheoireacht
- Éagsúlacht sa gcur chuige

Litir ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta



## Caibidil 2

### **Sonraí faoi na ceisteanna**

Aois na scoile: roimh 1980, bunaithe ó 1981-1990, agus bunaithe ó 1991-2000. Mar a tharlaíonn, níor bunaíodh aon scoil acu idir 1981 agus 1990, ná tar éis na bliana 2000.

Pátrún na scoile, agus éiteos creidimh: tugtar an dá rud seo i ngach cás. Feictear go bhfuil meascán de scoileanna Caitliceacha agus scoileanna idirchreidmheacha ann.

Suíomh na scoile: má tá sí i mBaile Átha Cliath, nó i gceann de na contaetha timpeall ar an bpríomhchathair. Cuid de na scoileanna, is i gceantair go maith as atá siad, agus cuid acu níl. Ní raibh scoil ar bith acu i gceantar lucht oibre ná i gceantar bocht.

Cóiríocht na scoile: má tá foirgneamh buan ag an scoil, agus má tá sí ar shuíomh buan.

Líon na ndaltaí: 151-200, 201-250, 251-300, 301-350, 351-400, os cionn 400. Ní raibh scoil i ngach roinn acu seo.

Líon na ranganna: i ngach cás, tá ar a laghad rang amháin ag gach leibhéal ó na Naíonáin Shóisearacha go dtí Rang a 6. I gcuid de na scoileanna, tá níos mó ná sin ann.

Líon na ndaltaí le Gaeilge: anseo, déantar tagairt do pháistí leis an nGaeilge mar theanga bhaile. Cé go bhfuil na huimhreacha íseal go leor i ngach cás, tá scoil amháin ann a sheasann amach anseo.

An duine a cuireadh faoi agallamh: an príomhoide, múinteoir tacaíochta foghlama, múinteoir riachtanais speisialta.

Tús na léitheoireachta: Faoin teideal seo, déantar iarracht teacht ar pholasaí na scoile faoin léitheoireacht, má tá polasaí ar leith ag an bpátrún, agus má thagann polasaí na scoile le polasaí an Phátrúin. Ansin, rinneadh iarracht a fháil amach cén teanga ina

## Caibidil 2

dhéantar an réamhléitheoireacht, agus cén t-am agus i gcén teanga a thosaíonn an léitheoireacht fhoirmiúil.

Measúnú: Anseo arís, déantar iarracht a fháil amach cén measúnú a bhíonn in úsáid sna scoileanna seo, agus cén teanga a úsáidtear chuige sin. Is pointe tábhachtach í seo sa méid go n-ordaíonn an tAcht Oideachais 1998 go gcaitear measúnú i nGaeilge a chur ar fáil i scoileanna lánGhaeilge. Dá bhrí sin, níor mhór a fháil amach cén measúnú a dhéantar agus cén teanga a bhaintear feidhm aisti chuige sin, agus é sin i dtaca leis an nGaeilge (teanga na scoile i ngach cás, agus “chéad teanga” nó T1 aon scoile faoi phátrúnacht Fhorais Pátrúnachta na Scoileanna lánGhaeilge) agus leis an matamaitic.

Tacaíocht Foghlama: Arís anseo, theastaigh ón taighdeoir a fháil amach céard a bhí ar fáil mar thacaíocht foghlama sna scoileanna seo, agus an teanga ina dtugtar an tacaíocht. Cuireadh ceist maidir leis an léitheoireacht Ghaeilge agus maidir leis an matamaitic.

### **Litir ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta**

Tá litir faoi na cúrsaí idir lámha anseo – measúnú agus tacaíochta foghlama go mór mór – i seilbh an taighdeora, litir a tháinig ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Tugann an litir seo (féach Aguisín 1) tuiscint ar dhearcadh na roinne ar na hábhair faoi scrúdú anseo. Taispeánadh an litir do na múinteoirí a cuireadh faoi agallamh, agus iarradh orthu í a léamh agus a gcuid tuairimí a thabhairt faoin méid a bhí le rá ag an Roinn inti. Níor tugadh aon treoir dóibh, agus dúradh nár ghá aon rud a rá murar theastaigh, mar tuigeadh don taighdeoir go bhféadfadh an t-ábhar a bheith conspóideach go leor. Mar sin féin, thug an chuid is mó de na múinteoirí freagraí an-soiléir ar ábhair na litreach.

## Caibidil 2

Cuireadh ord ar na freagraí agus tá na príomhphointí a tháinig as fáil ag deireadh na chéad caibidle eile. Mar a bheifí ag súil leis i gcás den chineál, níor tugadh an tábhacht céanna i gcónaí do na pointí éagsúla sa litir, agus dá bharr sin, ní hé an rud céanna a tháinig as gach agallamh. I gcásanna áirithe, bhain na freagraí le hábhar a bhí pléite cheana sa gcéad chuid den agallamh, agus threisigh nó shoiléirigh rudaí a bhí ráite ann. I gcásanna eile, chuaigh an t-agallamh bealach eile ar fad. Níl aon amhras ann ach gur shaibhrigh an dara chuid seo den agallamh an chéad chuid a raibh struchtúr níos daingne ag baint leis.

### **Fadhbanna léitheoireachta, teanga na scoile agus an féinmheas**

Mar a chonaic muid thuas, bíonn fadhb nó deacracht ag go leor páistí leis an léitheoireacht, agus nuair a rinne Ní Bhaoill agus Ó Duibhir (tábla 1.5, l. 16) a gcuid taighde bhí beagnach duine as seachtar i scoileanna lán-Ghaeilge ag fáil tacaíocht leis an léitheoireacht; ní léir cé mhéid de na páistí sin a bhí i nGaelscoileanna agus cé mhéid nach raibh, agus dá bhrí sin ní féidir an measúnú sin a chur i gcomparáid leis an measúnú a dhéantar anseo ar líon na bpáistí a fhaigheann tacaíocht don léitheoireacht trí mheán na Gaeilge. I measc na bpáistí sin, is cás ar leith é cás na bpáistí a bhfuil an Ghaeilge mar theanga bhaile sa suíomh céanna. Cé nach bhfuil ach mionlach beag de dhaltaí na nGaelscoileanna ina gcainteoirí dúchais Gaeilge, agus cé go n-athraíonn an céatadán ó scoil go scoil, (déantar measúnú ar líon na bpáistí seo sna scoileanna is ábhar den taighde seo thíos, fiafraíodh de na múinteoirí i ngeall ar líon na bpáistí a bhfuil an Ghaeilge mar theanga bhaile acu, agus feicfear go bhfuil réimse ann a théann ó thart ar 3% ag bun an scála go dtí 10-15% sa gcás is fearr.) ní léir ón taighde déanta go dtí seo go bhfuil cúis ar

## Caibidil 2

leith ann chun smaoineamh nach mbeadh fadhbanna léitheoireachta ag an gcéatadán céanna díobh is a bheadh ag na páistí eile.

I gcás páistí a mbíonn á dtógáil le Gaeilge, tagann roinnt gnéithe éagsúla le chéile:

Cúrsaí dlí: dlitear seirbhísí taca i nGaeilge do na scoileanna lán-Ghaeilge san Acht Oideachais 1998. Tá gné eile ann freisin is cóir a thabhairt san áireamh: stádas bunreachtúil na teanga (ina theannta cás Uí Bheoláin), cur i gcás.

Cúrsaí scoile: sainítear Gaelscoil mar scoil ina mbíonn an Ghaeilge in úsáid i ngach gné de shaol na scoile, tús na léitheoireachta agus seirbhísí taca san áireamh, seachas na ranganna Béarla.

Cúrsaí féinmheas: seans go mbainfaí d'fhéinmheas na ndaltaí an stádas íseal is cosúil go bhfuil ag an nGaeilge i ngnéithe de shaol na scoile – seirbhísí taca, measúnú, cuairteanna ó phearsanra as eagraíochtaí seachtracha, Feidhmeannacht na Seirbhísí Sláinte ina measc, sa méid go mbíonn an Béarla in uachtar iontu.

Ag éirí as seo uilig, is gá breathnú ar an áit is mó dochar a dhéanann na heaspaí seo sa gcóras, agus creidim gur fiú agus gur chóir staidéar a dhéanamh ar phointe an leochaileach, seirbhísí taca don léitheoireacht, le béim ar an dalta a bhfuil an Ghaeilge aige ó dhúchas.

### **Bailíocht na taighde seo**

Níor ghlac ach uimhir an-bheag múinteoirí páirt sa taighde seo. Mar sin féin, tagann na príomhthorthaí leis an taighde a rinneadh cheana, agus sa méid sin is féidir a bheith sásta leis an méid sin. An áit a theastódh níos mó taighde ná na páistí a thagann ó theaghlaigh ina bhfuil an Ghaeilge á labhairt. Feicfear thíos go raibh idir 60 agus 90 páiste den

## Caibidil 2

chineál seo ag freastal ar na scoileanna a ghlac páirt sa taighde seo, agus ní raibh tacaíocht don léitheoireacht á fháil ag duine ar bith acu. Is cúis iontais é sin, ach ó thaobh bailíocht de, chaithfí breis taighde a dhéanamh le fáil amach cén fáth

## CAIBIDIL 3

### TORTHAÍ NA TAIGHDE

Tugtar torthaí na taighde anseo thíos, scoil ar scoil agus de réir ord na gceisteanna a pléadh, mar a mhínítear sa gcaibidil faoi mhodheolaíocht. Liostaítear na scoileanna san ord ina ndearnadh na hagallaimh. Is iad tuairimí na múinteoirí a cuireadh faoi agallamh a thugtar anseo. I gcásanna áirithe, d'fhéadfadh sé a tharlúint nach dtagann tuiscint mhúinteora amháin le tuiscint mhúinteora eile maidir leis nithe ar nós polasaí an rialtais srl. Pléitear na héagsúlachtaí sin i gcaibidil eile, a mhéid a tharlaíonn siad.

Arís, mar a luadh sa gcaibidil faoin módheolaíocht, rinneadh agallaimh leathscailte leathfhoirmeálta, agus i gcás amháin (scoil 2) tugadh isteach an múinteoir tacaíochta foghlama agus ansin an múinteoir riachtanais speisialta le linn an agallamh, rud a chuir cruth eile ar chúrsaí go dtí pointe áirithe i gcomparáid leis na hagallaimh a rinneadh sna scoileanna eile. Sa gcás sin, pléadh rudaí áirithe go h-anmhion, agus seans nach ndeachthas isteach i rudaí eile chomh mion céanna is a rinneadh sna scoileanna eile.

#### **Scoil 1**

Aois na scoile: Is scoil fhadbhunaithe í seo – bunaíodh í roimh 1980.

Suíomh na scoile: Tá sí suite i gceantar saibhir de chuid Baile Átha Cliath.

Pátrún na scoile, agus éiteos creidimh: Faoi phátrúnacht neamhspleách, tá éiteos Caitliceach ag an scoil seo.

Cóiríocht na scoile: Tá foirgneamh buan ag an scoil seo, agus tá sí ar an suíomh ina bhfuil sí le blianta fada.

### Caibidil 3

Líon na ndaltaí: Idir 301 agus 350 dalta atá sa scoil. Tá rang ag gach leibhéal sa scoil seo, agus dhá rang ag cuid de na leibhéil, is é sin deich rang san iomlán.

Líon na ndaltaí le Gaeilge: Is beag dalta le Gaeilge a bhíonn i ngach rang sa scoil seo ar an meán, b'fhéidir páiste amháin nó beirt pháiste. Tugann sé sin idir 10 agus 20 páiste a bhfuil an Ghaeilge acu ó dhúchas.

An duine a cuireadh faoi agallamh: Sa scoil seo, is leis an Múinteoir Tacaíochta Foghlama a labhair mé.

#### Tús na léitheoireachta

Níl aon pholasaí ar leith ag Pátrún na scoile seo maidir leis an léitheoireacht, is iad na múinteoirí, na tuismitheoirí agus an Bord Bainistíochta a shocraíonn polasaithe na scoile, agus is mar sin a socraíodh an cur chuige maidir leis an léitheoireacht.

- Déantar an réamhléitheoireacht sa nGaeilge agus sa mBéarla sna Naíonáin Shóisearacha, agus bíonn an bhéim ar an nGaeilge.

- Leantar ar aghaidh sna Naíonáin Shóisearacha leis an léitheoireacht ó cheart, ag tosú leis an nGaeilge roimh na Nollag, agus leis an mBéarla tar éis na Nollag.

#### Measúnú

Ó thaobh an mheasúnaithe de, bíonn measúnú caighdeánach ar fáil don réamhléitheoireacht. Is scrúdú é seo ar a dtugtar an Middle Infant Screening Test (MIST), agus déantar i lár na Naíonáin Shóisearacha é. Is i mBéarla amháin atá sé seo ar fáil. Níl a leithéid ar fáil i nGaeilge.

Ina dhiaidh sin, bíonn scrúdaithe caighdeánacha á ndéanamh i mBéarla amháin.

### Caibidil 3

Dar leis an Múinteoir Tacaíochta Foghlama, níl scrúdaithe caighdeánacha ar fáil i nGaeilge; agus níl triail Ghaeilge Droim Conrach déanta sa scoil.

Mata: déantar an scrúdú Droim Conrach sa mata. I mbliana, d'aistriú siad iad féin é sa scoil, os rud nach raibh an leagan Gaeilge ar fáil.

#### Tacaíocht foghlama

Ó thaobh na tacaíochta foghlama de, is i mBéarla amháin a thugtar an tacaíocht don léitheoireacht. I measc rudaí eile, tá cúrsa Forward Together ann. Is i mBéarla a dhéantar é seo, agus is cuid den MhIST é. Maidir leis an léitheoireacht Gaeilge, níl ábhar feiliúnach ar fáil i nGaeilge.

#### Gaeilgeoirí le fadhbanna sa léitheoireacht

Ní raibh Gaeilgeoir le deacracht sa léitheoireacht sa scoil i dtréimhse an mhúinteoir tacaíochta foghlama reatha, atá i bpost le sé bliana anuas.

#### Litir ón Roinn

Rinne an múinteoir tagairt do Thriail Dhroim Chonrach sa Matamaitic. Deir sí:

“Tá sé cinnte go bhfuil rud ar fáil trí Ghaeilge ach ... an bhfuil sé ar chaighdeán gur féidir leis na páistí é a léamh? ... Ní thagann an caighdeán léitheoireacht chomh hard leis an gcaighdeán ceistiúcháin.”

D'aontaigh sí gur gnáth-acmhainn léitheoireachta atá i Séideán Sí



### Caibidil 3

Ó thaobh an ráitis “go gcuirfeadh an scoil teagasc litearthacht ar fáil trí Ghaeilge”, bhí sí den tuairim go raibh an Roinn ag maíomh go scríobhfadh na scoileanna cúrsaí iad féin, ach níor aontaigh sí go mbeadh an t-am ag an scoil scéimeanna léitheoireachta a scríobh.

#### **Scoil 2**

Aois na scoile: Is scoil réasúnta nua í seo, a bunaíodh sna 1990í.

Suíomh na scoile: tá sí suite i gceantar saibhir de chuid Bhaile Átha Cliath.

Pátrún na scoile, agus éiteos creidimh: Faoi phátrúnacht an Fhoras Pátrúnachta na Scoileanna lánGhaeilge, is scoil Chaitliceach í.

Cóiríocht na scoile: Tá an scoil ar shuíomh sealadach

tá foirgneamh agus suíomh buana aici atá á gcóireáil faoi láthair.

Líon na ndaltaí: Tá idir 150 agus 200 dalta ag freastal ar an scoil seo, agus rang amháin ag gach leibhéal.

Líon na ndaltaí le Gaeilge: Is beag páiste le Gaeilge sa mbaile a fhreastalaíonn ar an scoil seo, isteach is amach ar duine sa rang. Os rud go bhfuil ocht rang sa scoil, ciallaíonn sé sin thart ar 8 gcainteoirí ó dhúchas sa scoil.

An duine a cuireadh faoi agallamh: Sa scoil seo, labhair mé leis an bPríomoide, leis an Múinteoir Tacaíocht Foghlama, agus leis an Múinteoir Riachtanais Speisialta.

#### Tús na léitheoireachta

Is cosúil nach bhfuil polasaí ar leith ag an bPátrún faoin léitheoireacht, ach fághtar faoin scoil é a polasaí féin a fhorbairt.

### Caibidil 3

Tosaítear go neamhfhoirmiúil sna Naíonáin Shóisearacha, leis an nGaeilge. Ansin, tógtar an Béarla isteach um Cháisc sna Naíonáin Shóisearacha. Baintear feidhm as Jolly Phonics sa réamhléitheoireacht sa mBhéarla

#### Measúnú

Maidir leis an mheasúnaithe, déantar an triail MIST sna Naíonáin Shinsearach, i mBéarla. Rinneadh i mí an Mheitheamh i mbliana í. Tá an Múinteoir Riachtanais Speisialta sásta go bhfuil an triail seo feiliúnach do Ghaelscoil.

Níl aon triail chaighdeánach fheiliúnach ann don Ghaeilge. Ba mhaith leis an bpríomhoide triail chaighdeánach a bheith ar fáil don Ghaeilge; ach níor bain an scoil úsáid as triail Ghaeilge Droim Conrach ariamh; dúradh le linn an agallaimh go bhfuil sí as dáta.

Maidir le Triail Droim Chonrach sa matamaitic, dúradh go bhfuil sí an deacair.

#### Tacaíocht foghlama

Tugtar tacaíocht foghlama do dhaltaí a dteastaíonn a leithéid uathu i mBéarla agus i mata. Sa mBéarla, faigheann na páistí cuidiú i bhphonics, sa léitheoireacht agus sa scríbhneoireacht.

In amanna cabhraíonn an Múinteoir Tacaíochta Foghlama le daltaí le léitheoireacht na Gaeilge. Sna cásanna sin, baintear leas as an leabhar ranga.

Aon tacaíocht foghlama a theastaíonn sa matamaitic, déantar trí mheán na Gaeilge í, ach bíonn eisceachtaí ann.

### Caibidil 3

Gaeilgeoirí le fadhbanna sa léitheoireacht.

Bhí duine amháin ann a bhí á thógáil le Gaeilge a raibh fadhbanna léitheoireachta aige sa scoil ó bunaíodh í. Fuair an duine sin tacaíocht sa nGaeilge. Tá an múinteoir a thug an tacaíocht dó ar saoire máithreachais faoi láthair, agus ní raibh na sonraí ar fáil dá bharr.

Litir ón Roinn

Maidir le cúrsaí measúnaithe, bhí an príomhoide den tuairim go bhfuil triail Mhatamaitice Dhroim Chonrach fíordheacair.

Ó thaobh na Gaeilge de, níor úsáid siad Triail Ghaeilge Dhroim Conrach ariamh; ach ós rud go ndearnadh í sna 70í, bheadh sí as dáta. Athraíodh an curaclam ó shin, agus bheadh na trialacha dírtihe ar rudaí eile.

MIST: dar leis an múinteoir tacaíochta foghlama, tá MIST feiliúnach do Ghaelscoil, ach nach mbeadh páiste in ann é a dhéanamh muna mbeadh Béarla á dhéanamh acu sa rang.

### **Scoil 3**

Aois na scoile: Is scoil fhadbhunaithe í seo a bunaíodh roimh 1980.

Suíomh na scoile: Tá sí suite i gceann de na contaetha timpeall ar Bhaile Átha Cliath, i gceantar atá go maith as.

Pátrún na scoile, agus éiteos creidimh: Faoi phátrúnacht Ardeaspag Caitliceach Bhaile Átha Cliath, tá éiteos Caitliceach aici dá bharr.

Cóiríocht na scoile: Tá an scoil seo ar shuíomh buan le fada an lá agus foirgneamh nua aici a tógadh tamall maith de bhlianta ó shin.

Líon na ndaltaí: Tá breis agus 400 dalta ag freastal uirthi, agus dhá shraith iomlána sa scoil.

### Caibidil 3

Líon na ndaltaí le Gaeilge: Ar an meán, bheadh beirt nó triúr i ngach rang á dtógáil le Gaeilge amháin, nó le Gaeilge agus le teanga eile, is é sin le rá idir 32 agus 48 páiste.

An duine a cuireadh faoi agallamh: Sa scoil seo, is é an príomhoide a cuireadh faoi agallamh.

#### Tús na léitheoireachta

Creideann an príomhoide go gcaithfidh caighdeán na Gaeilge a bheith “an-ard ar fad ón tús”.

Níl aon pholasaí ar leith ag Pátrún na scoile maidir leis an léitheoireacht.

Tosaítear leis an réamhléitheoireacht ag deireadh na Naíonáin Shóisearacha. Is i nGaeilge a dhéantar é seo. Bogtar ar aghaidh go dtí an bhunléitheoireacht Ghaeilge sna Naíonáin Shinsearacha, agus is é Séideán Sí a bhíonn in úsáid sa scoil chuige. Leantar i ranganna níos airde le Séideán Sí, agus le “leabharlann” de sheanleabhair ar nós Ré Nua srl.

Ní dhéantar réamhléitheoireacht i mBéarla sa scoil.

Bhí múinteoir amháin sa scoil a raibh taithí aici ag múineadh na léitheoireachta i scoil Bhéarla, agus bhí sí den tuairim gur thóg na páistí an Ghaeilge níos tapúla, b’fhéidir i ngeall ar an litriú a bheith níos rialta sa nGaeilge ná sa mBéarla.

#### Measúnú

Ó thaobh an mheasúnaithe de, úsáidtear Lucid Cops leis na daltaí sna Naíonáin Shóisearacha, agus sna Naíonáin Shinsearacha déantar MIST leo; is i mBéarla atá an dá cheann.

Ó rang 1 ar aghaidh, baintear úsáid as na Drumcondra English Reading Tests.

### Caibidil 3

Níl measúnú foirmiúil ar fáil i nGaeilge – tá Triail Ghaeilge Droim Conrach “go mór as dáta” dar leis an bPríomhoide.

Déantar measúnú sa matamaitic i nGaeilge. Úsáidtear trialacha Dhroim Conrach, ach ní dhearnadh measúnú sa matamaitic i mbliana, os rud nach raibh leagan Gaeilge den triail leasaithe ar fáil.

Ó thaobh oiriúnacht na dtrialacha seo don léitheoireacht Gaeilge, tá an príomhoide sásta gur féidir leas a bhaint astu in éagmais trialacha Béarla a bheith ar fáil, mar go dtiocfadh na fadhbanna céanna chun cinn sa dá theanga, ach nach aon leithscéal é sin le nach mbeadh siad ar fáil i nGaeilge. Féach faoi “Litir ón Roinn” thíos.

#### Tacaíocht foghlama

In ainneoin go ndéantar an réamhléitheoireacht i nGaeilge, bíonn scéimeanna Béarla tacaíochta foghlama in úsáid sna Naíonáin. Déantar é seo mar nach bhfuil scéimeanna oiriúnacha ar fáil i nGaeilge.

Ag leanúint treoirlínte ón Roinn, ní mór an tacaíocht sa léitheoireacht a dhéanamh i dteanga bhaile an pháiste. Dá bhrí sin, ní thugtar tacaíocht don léitheoireacht i nGaeilge, ach amháin do pháistí le Gaeilge mar theanga bhaile.

Tar éis don phríomhoide litir ón Roinn a fheiceáil, agus í á phlé leis, tháinig amhras air i ngeall ar an tuiscint a bhí air roimhe sin:

"Gaeilge a bhíonn i gceist le litearthacht má sin an chéad teanga faoi mar a tharlaíonn i scoileanna Gaeltachta" - Agus an é an rud a tá i gceist acu chéad teanga sa scoil nó chéad teanga na bpáistí? ... ghlac mise i gcónaí leis an tagairt sin gurb í chéad teanga na bpáistí a bhí i gceist ach nuair a

### Caibidil 3

léim an t-alt anseo, d'fhéadfaí casadh a chur air agus a rá "Léamarna é seo mar chéad teanga na scoile"

Ní ábhar tacaíochta é Séideán Sí, ach cúrsa teanga.

Tugtar tacaíocht don mhatamaitic i nGaeilge.

#### Gaeilgeoirí le fadhbanna sa léitheoireacht

Bhí duine amháin á thógáil le Gaeilge le deacrachtaí sa léitheoireacht sa scoil le blianta beaga anuas. Is i mBéarla a rinneadh measúnú ar an dalta, agus tháinig roinnt fadhbanna chun solais. Fuair an dalta tacaíocht i nGaeilge, le cabhair ó na tuismitheoirí chun teacht ar áiseanna tacaíochta. Féach faoi "Litir ón Roinn" thíos.

#### Litir ón Roinn

Tuigeann an príomhoide ó na treoirlínte ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta go gcaitear an tacaíocht sa litearthacht a thabhairt i máthairtheanga na bpáistí:

Agus sí máthairtheanga na bpáistí a théann ag an tacaíocht foghlama ná Béarla. Bhí páiste amháin ann anuraidh. Bhí fáilte aici foghlaim i nGaeilge mar ba í a teanga baile.

...

agus b'í siúd an t-aon pháiste arb í an Ghaeilge an teanga sa bhaile a bhí sa chéatadán sin íseal go leor ó thaobh na marcanna ar na scrúdaíthe ...

Droim Conracha Béarla agus a raibh tástáil déanta uirthi agus go raibh sé léirithe go raibh fadhbanna léitheoireachta aici, b'í siúd an t-aon duine

### Caibidil 3

arb í an Ghaeilge an teanga sa bhaile a bhí i dteidil tacaíochta foghlama a fháil sa Ghaeilge.

Ó thaobh measúnaithe de, tugaim anseo focla an phríomhoide faoin easpa seo i nGaeilge. Glacann sé leis gur féidir ar an mórgóir gur féidir iad a úsáid, ach nach mbeadh aon mhaith iontu mura mbeadh an Béarla ag an dalta:

“ ‘Tugann na huirlisí measúnaithe i mBéarla amháin ana-réamhléargas ar cheisteanna na Gaeilge’ ... is dóigh liom go bhfuil fírinne ansin agus ... go dtiocfaidh na fadhbanna chun cinn i mBéarla nó i nGaeilge. ... in éagmais ábhar mheasúnaithe Gaeilge gur féidir úsáid mhaith a bhaint as ábhar Béarla cé go mb’fhearr a leithéid a bheith ar fáil i nGaeilge ”

...

“Agus dá mba rud é go dtáinig páiste isteach sa gcóras le Gaeilge agus gan Béarla, cén mhaith leo ... iad?”

“Gan aon mhaith, gan aon mhaith in aon chor.”

### **Scoil 4**

Aois na scoile: Is scoil réasúnta nua í seo, a bunaíodh idir 1991 agus 2000.

Suíomh na scoile: Tá an scoil suite i mbaile mór i gceann de na contaetha timpeall ar Baile Átha Cliath.

Pátrún na scoile, agus éiteos creidimh: Faoi phátrúnacht an Fhoras Pátrúnachta na Scoileanna lánGhaeilge, is scoil idirchreidmheach í.

Cóiríocht na scoile: Tá an scoil seo ar shuíomh sealadach, i seomraí réamhdhéanta.

### Caibidil 3

Líon na ndaltaí: Tá idir 201 agus 250 dalta ag freastal ar an scoil seo, agus rang amháin ag gach leibhéal.

Líon na ndaltaí le Gaeilge: Is beag páiste le Gaeilge sa mbaile acu a fhreastalaíonn ar an scoil seo, thart ar dhuine sa rang, ach ní Gaeilge amháin a bheadh i gceist leis na páistí seo. Is suas le hochtar a bheadh ann san iomlán mar sin.

An duine a cuireadh faoi agallamh: Sa scoil seo, labhair mé leis an bPríomoide

#### Tús na léitheoireachta

Polasaí an Phátrúin – Tá an pátrún go láidir ar son an tumoideachais.

Déantar an réamhléitheoireacht sna Naíonáin sa scoil seo, agus leantar ar aghaidh go dtí an léitheoireacht fhoirmiúil ... leis an mBéarla i dtosach, ag deireadh Naíonáin Shinsearacha. Tá an polasaí seo á athbhreithniú faoi láthair. Tháinig an polasaí reatha chun cinn tar éis litir a theacht ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta ag tabhairt le fios go bhféadfaí cás cúirte a theacht as gan an Béarla a mhúineadh, agus tuigeadh uaithe go gcaithfí an réamhléitheoireacht a dhéanamh as Béarla. Ní rabhtas in ann teacht ar an gcóip den litir sin chun í a thaispeáint don taighdeoir seo.

#### Measúnú

Maidir leis an measúnú, déantar scrúdaithe caighdeánacha sa scoil. Sna Naíonáin, déantar MIST. Is as Béarla atá an scrúdú seo. Sna ranganna níos airde, déantar Micra agus Sigma, uilig as Béarla. Dar leis an bpríomhoide nach bhfuil an measúnú seo i bhfeiliúint don Ghaelscoil. Níl an príomhoide sásta leis seo.

#### Tacaíocht foghlama



### Caibidil 3

Is i mBéarla a thugtar an tacaíocht foghlama sa léitheoireacht. Úsáidtear acmhainní ar nós Fuzz Buzz agus Pat.

Níl a fhios ag an bpríomhoide aon áiseanna tacaíochta foghlama a bheith ar fáil i nGaeilge, agus dar leis nach bhfuil aon áis faoi leith ann chun cuidiú le foghraíocht na Gaeilge.

Mar sin féin, má fhaigheann tú scil i dteanga amháin, beidh an scil agat sa teanga eile.

Matamaitic: déantar an tacaíocht foghlama don mhatamaitic sa nGaeilge. Tá na háiseanna cuí ar fáil i nGaeilge.

#### Gaeilgeoirí le fadhbanna sa léitheoireacht

Níor tháinig aon dalta leis an nGaeilge mar theanga bhaile aige chun cinn sa scoil seo go fóill agus ar theastaigh tacaíocht uaidh leis an léitheoireachta. Ach dá dtiocfadh, níl na háiseanna taca ann don Ghaeilge is a theastódh ón bpáiste.

Ní áis taca foghlama é Séideán Sí – is scéim léitheoireachta atá ann.

#### Litir ón Roinn

- Níl sé cothrom ar pháistí a bheith ag foghlaim trí mheán na Gaeilge agus triallacha caihdeánacha a bheith i mBéarla
- Ach ní bhfaighidh páiste tacaíocht mura mbeidh na trialacha sin déanta.
- Níl sé ar chumas na scoile acmhainní a sholáthar ach is cosúil gurb é sin go díreach a bhfuil á mholadh ag an Roinn.
- Ní hacmhainn tacaíochta é Séideán Sí ach scéim léitheoireachta. Níl aon ábhar tacaíochta ann don léitheoireacht i nGaeilge.

## Caibidil 3

### **Scoil 5**

Aois na scoile: Is scoil réasúnta nua í seo, a bunaíodh idir 1991 agus 2000.

Suíomh na scoile: Tá an scoil suite i mbaile mór i gceann de na contaetha timpeall ar Baile Átha Cliath.

Pátrún na scoile, agus éiteos creidimh: Faoi phátrúnacht Fhoras Pátrúnachta na Scoileanna lánGhaeilge, is scoil idirchreidmheach í.

Cóiríocht na scoile: Tá an scoil seo ar shuíomh sealadach, i bhfoirgneamh réamhdhéanta.

Líon na ndaltaí: Freastalaíonn idir 150 agus 200 dalta ar an scoil seo, agus rang amháin ag gach leibhéal sa scoil.

Líon na ndaltaí le Gaeilge: Is beag páiste le Gaeilge sa mbaile a fhreastalaíonn ar an scoil seo, níos lú ná duine sa rang, ach ní Gaeilge amháin a bheadh i gceist le gach duine de na páistí seo. Chomhairigh an Príomhoide iad, agus tháinig suas le thart ar sheisear.

An duine a cuireadh faoi agallamh: Sa scoil seo, labhair mé leis an bPríomhoide

### **Tús na léitheoireachta**

Déantar an réamhléitheoireacht trí Bhéarla, ag tosú sna Naíonáin Shóisearacha sa scoil seo, agus is iad na háiseanna a úsáidtear ná Letterland agus Jolly Phonics.

Níor léir ón agallamh an ndéantar réamhléitheoireacht i nGaeilge nó nach ndéanann. Mar sin féin, tosaíonn an léitheoireacht fhoirmiúil Ghaeilge ag tús na Naíonáin Shinsearach.

Bíonn Séideáin Sí in úsáid mar áis léitheoireachta sa nGaeilge suas go dtí rang a 2/rang a 3, agus bíonn Ré Nua &rl. in úsáid freisin.

Tosaíonn an léitheoireacht fhoirmiúil Bhéarla thart ar an Nollaig sna Naíonáin Shinsearach

### Caibidil 3

#### Measúnú

Déantar scrúdaithe réamhléitheoireachta i mBéarla, sna Naíonáin Shinsearacha. Baineadh feidhm as scrúdú Micra Droim Conrach go dtí seo, ach tá sé sách deacair; beidh MIST in úsáid amach anseo. I mBéarla a dhéantar an scrúdú seo.

Ó rang a haon ar aghaidh, cuirtear na scrúdaithe Micra T ar na páistí, i mBéarla. Tá ceann Droim Conrach ró-dheacair.

Maidir le caighdeán na Gaeilge, níl scrúdaithe caighdeánacha ann sa nGaeilge, agus mar sin, ní bhíonn ach tuairim an mhúinteora ann. Níor úsáideadh ariamh Triail Ghaeilge Dhroim Conrach.

“Ní dhéantar ach measúnú an mhuinteora sa Bhéarla (sic) mar níl aon scrúdaithe caighdeánacha in aon chor sa Ghaeilge”.

#### Matamaitic

Déantar an measúnú sa matamaitic as Gaeilge, ach níor dearnadh measúnú sa matamaitic i mbliana mar nach raibh an triail ar fáil i nGaeilge. “ní fhéadfaimis scrúdú a chur ar na páistí agus an téarmaíocht ar fad i mBéarla mar tá siad á foghlaim tré Ghaeilge”

#### Tacaíocht foghlama

Éinne a bheadh faoin bhun an 10ú perceintíl, bíonn siad i dteideal tacaíocht ón múinteoir tacaíocht foghlama. Tá áiseanna tacaíochta foghlama ann don Bhéarla, agus don Mhatamaitic, ach níl aon tacaíocht ann don Ghaeilge: “Níl aon rud, níl aon tacú ann really don Ghaeilge”.

### Caibidil 3

“Bíonn sé i bhfad níos éifeachtaí le tuismitheoirí nuair atá rud éigin caighdeánach”. Ní áis measúnaithe ná tacaíocht é Séideán Sí.

Déantar an tacaíocht foghlama sa Matamaitic trí Ghaeilge

#### Gaeilgeoirí le fadhbanna sa léitheoireacht

Níor tháinig a leithéid chun cinn sa scoil seo le linn tréimhse an phríomhoide reatha, atá i bpost le trí bliana anuas. Dá dtiocfadh, “chaithfeadh muid ár n-áiseanna féin a chruthú” ... “bheadh sraith de leabhartha taca ana-mhaith”, ar seisean.

#### Litir ón Roinn

Luaigh an príomhoide nach bhfuil aon scrúdaithe caighdeánacha ann don Ghaeilge. B’fhearr le múinteoirí na scoile iad a bheith ar fáil, agus caithfidh siad a gcuid measúnú féin a sholáthar dá bharr. Nuair a fiafraíodh de a chuid tuairimí faoi thriail Ghaeilge Dhroim Conrach, dúirt sé nach raibh an triail feicthe ariamh aige, agus nach bhféadfadh sé tuairim a thabhairt faoi dá bharr.

Luaigh sé mar fháthanna nach dtugtar tacaíocht do léitheoireacht na Gaeilge ná easpa scrúdaithe caighdeánacha, agus go bhfuil an Béarla ag na páistí. Ag trácht ar áiseanna foghlama, luaigh sé freisin nach bhfuil siad ann don Ghaeilge.

## CAIBIDIL 4

### LITIR ÓN ROINN

Sa litir (féach aguisín 1) ó Phríomh-Rúnaí na Roinne Oideachais agus Eolaíochta, tugadh freagraí ar roinnt ceisteanna a cuireadh ar an Aire. D'iarr an taighdeoir ar na múinteoirí agus na príomhoidí a chuir sé faoi agallamh an litir sin a léamh, agus a gcuid tuairimí faoi na hábhair a phéigh an litir leo a thabhairt. Os ceist oscailte í sin, tugadh tuairimí éagsúla ar ais mar dhírigh na múinteoirí éagsúla ar phointí ar leith. Tugtar anseo thíos na tuairimí is mó a bhain le hábhar na taighde seo.

#### Mata

Ó thaobh cúrsaí matamaitice, ní raibh gach múinteoir sásta le caighdeán Thrialacha Dhroim Conradh: dar leo go raibh an caighdeán ró-ard dá gcuid daltaí. I gcás Scoil 1, ba é an caighdeán léitheoireachta a theastaigh ó na páistí chun tabhairt faoi a bhí ag déanamh tinnis di; ach i Scoil 2, dúradh go raibh an caighdeán matamaitice ró-ard.

Mar a chonaic muid cheana, ní i gcónaí a bhíonn na scrúdaithe seo ar fáil i nGaeilge ar aon chaoi.

#### Scoil 1:

Bhí an múinteoir den tuairim go mbíonn an triail seo ar chaighdeán ró-ard chun gurb fhéidir leis na páistí é a léamh, agus nach dtagann caighdeán léitheoireachta na bpáistí sa nGaeilge chomh hard leis an gcaighdeán ceistiúcháin.

#### Scoil 2:

## Caibidil 4

Maidir le cúrsaí measúnaithe, bhí an príomhoide den tuairim go bhfuil triail Mhatamaitice Dhroim Chonrach fíordheacair, ó thaobh matamaitice de.

### MIST (Middle Infant Screening Test)

Bhí tuairimí measctha ann faoin tástáil seo. I gcás amháin bhí an múinteoir den tuairim nach raibh sé cóir go mbeadh páistí ag déanamh na réamhléitheoireachta trí mheán na Gaeilge, ach an tástáil a bheith á déanamh i mBéarla orthu. Bhí beirt eile ann a dúirt gur theastaigh an Béarla ó na páistí chun tabhairt fuithi. Ina ainneoin sin, bhí múinteoir amháin den tuairim go raibh an MIST feiliúnach do pháistí Gaeiloscoile.

Scoil 1:

Dar leis an múinteoir nach raibh sé cóir go dtosaíonn na páistí ar an léitheoireacht i nGaeilge agus go mbíonn na fóinicí á bhfoghlaim acu i nGaeilge, ach an t-aon rud atá ar fáil dóibh ná scrúdú i mBéarla.

Scoil 2:

Dúirt an múinteoir riachtanais speisialta go bhfuil MIST feiliúnach do Ghaelscoil, ach nach bhféadfadh páiste é a dhéanamh muna mbeadh Béarla á dhéanamh acu sa rang.

Scoil 5:

Dá dtiocfadh páiste isteach sa gcóras gan Bhéarla, ní fhéadfadh sé an triail seo a dhéanamh.

### Trialacha caighdeánacha

Maidir le trialacha caighdeánacha, mhaigh múinteoir amháin go raibh caighdeán an Bhéarla ag feabhsú i rith an ama, agus chruthaigh na tástálacha é sin. Ina choinne sin, níl

## Caibidil 4

ach tuairimí na múinteoirí ann ó thaobh na Gaeilge de. Múinteoir eile, chreid sé go raibh fiúntas ag baint leis na trialacha Béarla, ach bhí sé fáin agus beirt eile den tuairim gur chóir na trialacha a bheith ar fáil i nGaeilge.

Scoil 2:

Tá cruthúnas ann go bhfuil cumas léitheoireachta na bpáistí ag feabhsú sa mBéarla, ach níl staitisticí acu ó thaobh na léitheoireachta Ghaeilge cheal trialacha caighdeánacha a bheith ar fáil sa nGaeilge. Níl acu ach tuairimí na múinteoirí.

Scoil 3:

D'aontaigh an príomhoide go dtugann na huirlisí measúnaithe i mBéarla amháin réamhléargas ar cheisteanna na Gaeilge, sa méid go mbaineann sé le fadhbanna léitheoireachta agus litearthachta a aithint, agus in éagmais ábhar mheasúnaithe Gaeilge. B'fhearr leis a leithéid a bheith ar fáil i nGaeilge

Scoil 4:

Bhí an príomhoide den tuairim nach bhfuil sé cothrom ar dhaoine foghlaim trí mheán na Gaeilge agus trialacha caighdeánacha a dhéanamh i mBéarla, ach ní bhfaighfidh páiste an tacaíocht atá ag teastáil mura mbíonn siad déanta.

Scoil 5:

B'fhearr leis na múinteoirí dá mbeadh scrúdaithe caighdeánacha ann i nGaeilge. Ina n-éagmais caithfidh an scoil a measúnú féin a dhéanamh,

### Soláthar acmhainní

Thuig beirt go raibh an litir ag maíomh gur chóir go n-ullmhódh na scoileanna féin ábhar tacaíochta, rud nach mbeadh indéanta

## Caibidil 4

Scoil 1:

Ó thaobh an ráitis “go gcuirfeadh an scoil teagasc litearthacht ar fáil trí Ghaeilge”, bhí an múinteoir den tuairim go raibh an Roinn ag maíomh go scríobhfadh na scoileanna cúrsaí iad féin, rad nach mbeadh ar chumas na scoile.

Scoil 4:

Níor aontaigh an príomhoide gurbh é gnó an Bhoird Bainistíochta acmhainní a sholáthar. Níor aontaigh sé ach oiread go bhféadfadh an scoil acmhainní a sholáthar atá proifisiúnta, atá taighde déanta orthu a oireann do leibhéal áirithe le treoir ag teacht.

### Triallacha Dhroim Chonrach

Níl Trialacha Gaeilge Dhroim Chonrach in úsáid i gceachtar de na scoileanna, ná feicthe fiú ag duine amháin acu ar a laghad. Níor thuig beirt cén fáth go mbeadh an Roinn ag moladh go n-úsáidfaí áis atá chomh fada as dáta, agus nach mbeadh ag teacht le curaclam an lae inniu.

Scoil 2:

Níor úsáid an scoil Triail Ghaeilge Dhroim Conrach ariamh - ós rud go ndearnadh í sna 70í, bheadh sí as dáta. Athraíodh an curaclam ó shin, agus bheadh na trialacha dírithe ar rudaí eile.

Scoil 3:

Bhí ionta ar an bpríomhoide gur luadh Rúnaí na Roinne scrúdú a “forbraíodh í sna 70í déanacha” mar cheann de na trialacha. Dar leis gur thaispeáin sé sin a laghad tábhachta a bhaineann leis an nGaeilge “do dhaoine áirithe”.

Scoil 5:



## Caibidil 4

Dar leis an bpríomhoide: “Níor bhaineamar triail as *so níl a fhios agam*. Níl aon tuairim, ní fhéadfainn tuairim a thabhairt air, níl siad feicthe agam fiú, *so níl a fhios agam*.”

### Séideán Sí

Mhol an litir Séideán Sí mar áis tacaíochta foghlama. Níor aontaigh múinteoir ar bith gur ábhar measúnaithe ná tacaíochta foghlama a bhí i Séideán Sí; ba é an tuairim is coitianta gur gnáth-chúrsa Gaeilge é le haghaidh gnáth pháistí, seachas le haghaidh páistí le deacrachtaí foghlama sa léitheoireachta acu.

Scoil 1:

Dúirt an múinteoir gur gnáth-acmhainn léitheoireachta atá i Séideán Sí.

Scoil 3:

Dúirt an príomhoide gur cúrsa comhrá é Séideán Sí agus é dírithe ar ghnáthpháistí ranga.

Scoil 4:

Dúirt an príomhoide gur scéim léitheoireachta é Séideán Sí. Ní raibh baint ar bith aige le páistí le deacrachtaí foghlama, ná nach raibh aon rud ann dóibh.

Scoil 5:

Dúirt an príomhoide gur áis chun cabhrú le múineadh na Gaeilge é, agus nach triail mheasúnaithe ná háis tacaíochta atá ann

### Léitheoireacht na Gaeilge a bheith níos éasca ná an Bhéarla

## Caibidil 4

Tháinig sé chun solais gur smaoinigh beirt go raibh sé níos éasca léitheoireacht na Gaeilge a mhúineadh ná léitheoireacht an Bhéarla. I gcás amháin, bhíothas den tuairim go mbíonn an cúrsa léitheoireachta ag leibhéal na Naíonáin níos éasca sa nGaeilge ná sa mBéarla; duine eile, smaoinigh sé go mb'fhéidir go bhfuil an litriú ag teacht níos mó leis na fuaimeanna sa nGaeilge ná mar atá sa mBéarla.

Scoil 1:

... nuair a bhí rang agam féin, bhí na Naíonáin Mhóra agam, thug mé fé ndeara gur fiú amháin na páistí a tógadh le Béarla, gur ghlac siad leis an foclóir Gaeilge sa léitheoireacht Ghaeilge níos tapúla mar bhí sé ag leibhéal níos éasca nuair a bhí siad ag tosnú.

Scoil 3:

... bhí múinteoir amháin a rá, a bhfuil taithí ag múineadh i mBéarla go bhfuil sé níos éasca léitheoireacht a mhúineadh dosna páistí i nGaeilge, tosnú leis an nGaeilge. Cheap sí ar shlí éigin go raibh na fuaimeanna - ag teacht níos mó leis an litriú, b'fhéidir?

## CAIBIDIL 5

### ANAILÍS AGUS PLÉ

Chonacthas thuas torthaí na n-agallaimh a rinneadh le múinteoirí i gcúig cinn de scoileanna éagsúla. Anseo thíos tugtar an t-eolas de réir na n-ábhair. Pléitear an t-ábhar chun teacht ar thuiscint faoi chleachtaisí maidir leis na hábhair sin. Seo thíos na cinnteidil faoina ndéantar an anailís agus an plé.

Cuireadh agallamh ar mhúinteoirí i gcúig cinn de Ghaelscoileanna éagsúla, ag iarraidh a fháil amach na rudaí seo a leanas maidir le cleachtais iontu:

1. Nósanna teanga sa réamhléitheoireacht agus ag tús na léitheoireachta foirmiúile
2. Nósanna teanga sa measúnú Léitheoireacht agus Mata
3. Nósanna teanga sa tacaíocht foghlama.
4. Na nósanna thuas agus Gaelgeoirí ó dhúchas i gceist.

Baineann nósanna éagsúla leis na scoileanna éagsúla, go mór mór sa méid is a bhaineann sé leis an gcéad cheist thuas.

Ar son na soiléireachta, déantar cur síos ar na torthaí anois de réir ábhair seachas de réir na scoile, agus ansin pléitear na torthaí faoi na cinnteidil éagsúla.

#### **1. Cúlra na scoileanna:**

Bunaíodh dhá scoil roimh 1980, agus trí cinn sa tréimhse 1991-2000. Mar sin, tá dhá scoil fhadbhunaithe ina measc, agus trí scoil réasúnta nua sa sampla.

Tagann scoil amháin faoi phátrúnacht Ardeaspag Bhaile Átha Cliath, tá scoil amháin faoi phátrúnacht neamhspleách agus tagann trí cinn de na scoileanna, na cinn a bunaíodh sna

## Caibidil 5

1990í, faoi Fhoras Pátrúnachta na Scoileanna LánGhaeilge. Is scoileanna idirchreidmheacha iad na scoileanna seo faoi phátrúnacht an Fhorais Pátrúnachta.

Tá gach rang i ngach scoil acu, ó na Naíonáin Shóisearacha suas go dtí Rang a 6. Tá tuilleadh ranganna ag na scoileanna seanbhunaithe le hais na scoileanna nua – deich rang i scoil amháin, agus dhá shraith iomlána sa scoil eile.

Is i mBaile Átha Cliath atá dhá cheann de na scoileanna, agus sna contaetha máguaird atá na trí cinn eile.\*

Ó thaobh pháistí á dtógáil le Gaeilge a bhíonn ag freastal ar na scoileanna éagsúla, is mionlach réasúnta beag iad i ngach scoil. Mar sin féin, bheadh siad níos líonmhaire sna scoileanna níos sine i gcomparáid leis na scoileanna is nua. Tugaim tábla anseo bunaithe ar na huimhreacha a thug na múinteoirí éagsúla dom. Ní mór a rá nach bhfuil anseo ach buille faoi thuairim; ach gach seans nach mbeadh níos lú ná 64 ann san iomlán. Ar ndóigh, tá sé suimiúil go bhfuil leath na nGaeilgeoirí ó dhúchas sna cúig scoil seo ag freastal ar aon scoil amháin.

<b>Scoil</b>	<b>Uimhreacha</b>
Scoil 1	10 – 20
Scoil 2	8
Scoil 3	32 – 48
Scoil 4	8
Scoil 5	6
<b>Iomlán</b>	<b>64 - 90</b>

---

\* Sa gcomhthéacs seo, ciallaíonn “Baile Átha Cliath” an chathair taobh istigh dá teorannacha; agus ciallaíonn “na contaetha máguaird” Contae Bhaile Átha Cliath agus na contaetha buailte leis an gcontae siúd. Ní hionann é sin is a rá go bhfuil scoil a ghlac páirt sa taighde seo i ngach ceann de na haonaid riaracháin sin.

## Caibidil 5

Is é an príomhoide a cuireadh faoi agallamh i dtrí cinn de na scoileanna, agus an múinteoir tacaíochta foghlama i scoil amháin. Sa gcúigiú scoil, thosaigh an t-agallamh leis an bpríomhoide, agus tógadh isteach an múinteoir tacaíochta foghlama agus an múinteoir riachtanais speisialta le linn an agallaimh.

### 2. Tús na léitheoireachta

#### *Polasaí an Phátrúin*

Dar leis na múinteoirí a cuireadh faoi agallamh, níl aon pholasaí i leith na léitheoireachta ag na pátrúin i dtrí cinn de na scoileanna. I scoil amháin acu seo, dúradh go bhfuil an pátrún go láidir ar son an tumoideachais, ach níor luadh an léitheoireacht go sonrach. I scoil eile, níor tháinig polasaí an Phátrúin chun cinn.

Tagann trí cinn de na scoileanna faoin bhForas Pátrúnachta. Tá polasaí an-soiléir ag an bhForas Pátrúnachta ó thaobh an tumoideachais agus na réamhléitheoireachta de, agus leagtar é seo amach sa leabhrán “Polasaí agus Cleachtas Gaeilge sa Ghaelscoil” a d’fhoilsigh an Foras. Sa leabhrán sin, deirtear an méid seo:

#### 4. Múinteoireacht

- (a) Déanfar na scileanna réamhléitheoireachta, réamhscríbhneoireachta agus scileanna réamhmhata go hiomlán trí Ghaeilge. Tosnóidh léitheoireacht i dTeanga 1 ar dtús mar atá leagtha síos ag an gCuraclam Athbhreithne. Múintear gach ábhar ar chlár na bunscoile trí mheán na Gaeilge ach amháin an Béarla. (lth. 1; gan dáta luaite)

Ar an leathanach céanna sainmhínítear céard is Teanga 1 ar an gcaoi seo:

## Caibidil 5

Is scoil lán-Ghaeilge í an Ghaelscoil arb í an Ghaeilge ... teanga 1 na scoile

...

Is díol suime é nach bhfuil na trí phríomhoidí seo atá ina bpríomhoidí ar scoileanna a thagann faoi phátrúnacht an Fhorais ar an eolas faoin bpolasaí tábhachtach seo. An amhlaidh nach bhfuil an teagmháil idir an Foras agus na scoileanna faoina phátrúnachta chomh maith agus ab fhéidir, nó an amhlaidh i ngeall ar go mbíonn an méid sin oibre, sa mbreis ar ghnáth obair riaracháin scoile, ar na príomhoidí seo nach mbíonn am acu chun treoirínite agus polasaithe an Fhorais a léamh agus a chur i bhfeidhm? Bhí sé soiléir don taighdeoir nuair a thug sé cuairt ar na scoileanna, agus tháinig sé chun cinn le linn na n-agallaimh freisin, nach bhfuil cóiríocht buan ag ceachtar den trí scoil seo: tá scoil amháin acu i bhfoirgneamh sealadach le linn teach na scoile a bheith á chóiriú mar scoil bhuan, agus an dá scoil eile, tá siad i bhfoirgnimh réamhdhéanta le linn dóibh a bheith ag fanacht ar shuímh agus ar chóiríocht buan a fháil.

Is díol suime freisin é nach bhfuil an curaclam athbhreithnithe á chur i bhfeidhm ach an oiread i ngach scoil acu seo a mhéid a bhaineann le “teanga 1”. Pléitear an chiall a bhaineann leis sin thuas sa Léirmheas Litríochta; ach bíodh sin mar atá, ba léir ó na hagallaimh nár thuig aon mhúinteoir lena labhraíodh go gciallaíonn sé *teanga na scoile* seachas teanga an teaghlaigh, mar a chreid aon duine a luaigh é.

*An réamhléitheoireacht:*

Scoil 1: Réamhléitheoireacht Gaeilge agus Béarla sna Naíonáin Shóisearacha, le béim ar an nGaeilge.
---

Scoil 2: Réamhléitheoireacht na Gaeilge sna Naíonáin Shóisearacha. Rannta Béarla tar éis na Cásca sna Naíonáin Shóisearacha. Réamhléitheoireacht an Bhéarla sna Naíonáin
--

## Caibidil 5

Shinsearacha.
Scoil 3: Réamhléitheoireacht na Gaeilge ag deireadh na Naíonáin Shóisearacha. Ní dhéantar aon Bhéarla go dtí Rang a hAon.
Scoil 4: Níor luadh teanga na réamhléitheoireachta
Scoil 5: Déantar an réamhléitheoireacht i mBéarla. Níor léir an ndéantar i nGaeilge í freisin.

Arís anseo, tá meascán de cur chuige ag na scoileanna éagsúla, ón réamhléitheoireacht i mBéarla i dtosach go dtí an réamhléitheoireacht i nGaeilge amháin. Ní léir mar sin go bhfuil aon tuiscint amháin ag na Gaelscoileanna seo ná fiú ag na scoileanna faoi phátrúnacht an Fhorais Phátrúnachta ar rud chom bunúsach san oideachas leis an gcur chuige sa réamhléitheoireacht, an chéad chéim i dtreo na léitheoireachta. Más amhlaidh go bhfuil polasaí láidir tumoideachais ag an bhForas Pátrúnacht, ní léir go gcuireann gach scoil faoina phátrúnacht i bhfeidhm é. Tá tuilleadh faoi seo thíos.

### 3. An Léitheoireacht fhoirmiúil

Maidir leis an léitheoireacht fhoirmiúil, dúirt cuid de na múinteoirí a ghlac páirt sa taighde, faoin gcuraclam athbhreithnithe, nach dtosaítear uirthi go dtí Rang a hAon. Ina ainneoin sin, feictear go dtosaítear leis an léitheoireacht sna Naíonáin i gcuid de na scoileanna thuas:

Scoil 1: An Ghaeilge roimh Nollag sna Naíonáin Shinsearacha, an Béarla tar éis na Nollag
Scoil 2: Ní thosaíonn an léitheoireacht fhoirmiúil go dtí Rang a hAon.
Scoil 3: Gaeilge sna Naíonáin Shinsearacha. Tosaíonn léitheoireacht an Bhéarla i Rang a hAon
Scoil 4: Béarla ag deireadh na Naíonáin Shinsearacha, Gaeilge ina dhiaidh sin

## Caibidil 5

Scoil 5: Gaeilge ag tús na Naíonáin Shínsearacha, Béarla thart ar an Nollaig sna Naíonáin Shínsearacha.

Feictear mar sin go dtosaítear ar an léitheoireacht fhoirmiúil sna naíonáin i gceithre cinn de na scoileanna seo, agus go tosaítear uirthi sa gcúigiú scoil i Rang a hAon. Molann an Curaclam Athbhreithnithe gan an léitheoireacht fhoirmiúil a thosú go dtí rang a hAon. Arís eile, is cosúil go bhfuil neamhaird á dhéanamh ar an gcuraclam anseo. I bhfocla an mhúinteora tacaíochta foghlama i scoil 1, tagann na páistí ina scoil-se chun na scoile ar bís chun léimh, agus bheadh sé deacair iad a choinneáil siar.

Ó thaobh cúrsaí teanga de, is suimiúil an rud é go dtugtar tús áite don Bhéarla i Scoil 4. Arís, is scoil faoin bhForas Pátrúnachta í seo, agus dá bharr sin, cheapfaí go ndéanfaí an léitheoireacht na Gaeilge i dtosach, ach ní hamhlaidh atá. Mhínigh an príomhoide é seo ag rá gur tháinig litir ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta chuig an scoil sa tréimhse tosaigh, ag míniú go bhféadfaí cás cúirte a chur ar an scoil muna ndéanfaí amhlaidh. Thuig an scoil ón litir go rabhtas go díreach nó go hindíreach ag bagairt cás cúirte ar an scoil – mar a tharla i scoil i dTrá Lí i mbliana (2007), agus ba é freagra na scoile ná an polasaí reatha a chur i bhfeidhm dá bharr. Ba cheist shuimiúil é a fháil amach an bhfuair aon Ghaelscoil eile litir den sórt sin, agus má fuair, cé mhéid acu a fuair.

### 4. Measúnú

Pléitear dhá chineál éagsúla de mheasúnaithe anseo, agus déantar scagadh ar an matamaitic thíos:

- i) measúnú ar an réamhléitheoireacht sna Naíonáin,
- ii) measúnú ar an léitheoireacht ó rang a haon ar aghaidh.



## Caibidil 5

### i) Measúnú sa réamhléitheoireacht.

Sa réamhléitheoireacht, is é an measúnú is coitianta ná an Middle Infant Screening Test (MIST) a dhéantar sna Naíonáin Shinsearacha. Tháinig sé chun solais go ndéantar i mBéarla é, ach ní raibh gach duine a labhair mé leis ar aon fhocal maidir le hoiriúnacht an scrúdaithe do Ghaelscoileanna. Déantar i ngach scoil é den chúig scoil a ghlac páirt sa taighde seo, agus tá achoimre ar na torthaí anseo thíos. I scoil 3, baintear úsáid as córas eile arís – Lucid Cops – sna Naíonáin Shóisearacha chun teacht ar dheacrachtaí foghlama. Arís is córas Béarla é, ach bhí an príomhoide sásta nach córas teanga-bhunaithe é, agus go bhfeileann sé don obair idir lámha.

### ***Middle Infant Screening Test***

Scoil 1: Cuirtear an scrúdú seo ar na páistí i lár nó ag deireadh na Naíonáin Shinsearacha. Dar leis an múinteoir tacaíochta foghlama, déantar an scrúdú níos luaithe i scoileanna Béarla, ach nach féidir é a dhéanamh ina scoil-se go dtí go mbíonn roinnt léitheoireachta Béarla déanta ag na páistí. Fiu amháin leis sin táthar beagán buartha nach mbíonn go leor taithí acu faoin am a ndéanann siad é.

Scoil 2: Mar fhreagra ar cheist dhíreach, dúirt an múinteoir riachtanais speisialta go gceapann sí go bhfuil an MIST feiliúnach mar thriail chaighdeánach do Ghaelscoil. Mar sin féin, braitheann an triail seo ar Bhéarla a bheith ag na páistí: “Úsáidtear an obair a dhéantar sa rang agus ní bheadh siad ábalta ar chor ar bith muna mbeadh Béarla á dhéanamh acu”, dar leis an múinteoir riachtanais speisialta.

Scoil 3: Sa scoil seo, déantar an MIST sna Naíonáin Shinsearacha. Dar leis an bpríomhoide go ndéanann na scrúdaithe sin tástáil ar scileanna éagsúla. Cé gur i mBéarla atá siad, tá sé sásta nach bhfuil siad teanga-bhunaithe ó thaobh na léitheoireachta de. Is í a thuairim go ndéanann siad tástáil ar scileanna ar nós rudaí a chur in ord, dathanna a aithint agus a leithéid sin.

Scoil 4: Sa scoil seo, déantar MIST sna Naíonáin. I dtuairim an phríomhoide, níl an triail seo i bhfeiliúint don Ghaelscoil:

## Caibidil 5

Ceist: “Agus an measúnú sa léitheoireacht a dhéantar anso, an bhfuil sé curtha i bhfeiliúint don Ghaelscoil?”
---

Freagra: “No, ní, ní, go bhfios domsa, níl a leithéid ann.”
---

Scoil 5: Déantar an MIST sa scoil seo freisin. Cé go bhfuil sí i mBéarla, déantar an scrúdú réamhléitheoireachta seo, agus trialacha eile, “ach go háirithe sa Bhéarla toisc go bhfuil siad ann.”
---

Feictear don taighdeoir go dtagann dhá cheist anuas anseo ar a laghad.

1. An teanga in dhéantar an measúnú. Ní hí teanga na scoile í; agus ní hí teanga gach dalta í ach a oiread. Sa méid go mbíonn an Béarla ar a dtoil ag páistí, bhí cuid de na múinteoirí sásta go bhfeileann MIST don Ghaelscoil, sa méid is gur féidir leis léargas a thabhairt ar fhadhbanna a bhaineann leis an léitheoireacht, cur i gcás. Ar an taobh eile de, sa méid a gcuirfí an scrúdú ar pháiste gan Bhéarla, bheifí ag déanamh measúnú ar pháistí i dteanga nach mbeadh aige ar scoil ná sa mbaile. Luaigh múinteoirí éagsúla nach mbeadh aon mhaith sa scrúdú i gcásanna dá leithéid. Luaigh múinteoir áirithe nach raibh sí sásta leis an triail i ngeall ar nach féidir leis cothrom na Féinne do pháistí, agus dúirt múinteoir eile, go ndéantar é mar gheall ar go bhfuil sé ann. Ar an mórgcóir, d’airigh an taighdeoir go raibh mí-shásamh ag baint leis an triail seo, ach go bhféadfaí leas áirithe a bhaint aisti dá mbeadh Béarla ag na daltaí, go mór mór in éagmais tástáil a bheith ar fáil i nGaeilge.

2. Eascraíonn ceisteanna eile as an méid thuas:

- a) ó thaobh na scoileanna faoi phátrúnacht an Fhorais Phátrúnachta, an féidir go luíonn úsáid na dtrialacha seo le polasaí teanga an Fhorais
- b) ó thaobh chuile scoil ag múineadh trí mheán na Gaeilge, tá ceist ann a bhaineann le hAcht Oideachais 1998. Faoin acht sin, tá dualgas ar an Aire faoi réir alt 2(a)

## Caibidil 5

den Acht Oideachais 1998 a chur ar fáil i nGaeilge do scoileanna lánGhaeilge. An amhlaidh go bhfuil an státchóras ag teip anseo ó thaobh a chuid dualgais reachtúla? Sa gcás gurb ea, an bhféadfaí an dlí a chur ar an Roinn agus ar an Rialtas as ucht gan a chuid dualgais a chomhlíonadh?

### ii. An léitheoireacht ó Rang 1 ar aghaidh

Maidir le measúnú caighdeánach ar léitheoireacht na Gaeilge ó Rang 1 ar aghaidh, níl sé ar fáil i scoil ar bith. Luaigh an taighdeoir Trialacha Gaeilge Dhroim Conrach leis na múinteoirí, ach níor úsáid aon duine acu ariamh:

1	Seans go bhféadfaí é sin a úsáid, ach is dócha an rud a tharlaíonn ná bheadh caighdeán léitheoireacht i bhfad níos airde ag páistí sa Bhéarla os rud é nach bhfuil siad á dtógáil le Gaeilge.
2	... ní dóigh liom gur baineamar úsáid ariamh triail as sin ... ach feicim anseo go ndeineadh é sna 70í so an dtuigeann tú, sin beagáinín as dáta
3	Bhuel, níor bhreathnaíomar air le tamall fada. An tuiscint atá agam ar sin go bhfuil sé as dáta go mór, ach nár deineadh athnuachaint air.
4	... go dtí seo bhí na cinn ó choláiste Luimní, Micra agus Sigma, go léir as Béarla.
5	níor bhaineamar triail as so ní a fhios agam. Níl aon tuairim, ní fhéadfainn tuairim a thabhairt air, níl siad feicthe agam fíú, so níl a fhios agam, eim, conas mar atá na trialacha Droim Conrach sách deacair.

Dúirt cuid de na múinteoirí nach bhfaca siad ariamh iad. Rinneadh tagairt d'aois na dtrialacha, tagairt do chaighdeán na léitheoireachta, agus dúradh go bhfuil siad “as dáta”. Tá ceist mhór anseo faoi chur chuige na Roinne arís, go háirithe i bhfianaise ciorcláin a bheith seolta go dtí na scoileanna ag ordú dóibh measúnú caighdeánach a dhéanamh ar an mBéarla agus ar an Matamaitic, ach gan aon trácht ar an nGaeilge. Arís, níor mhór é seo

## Caibidil 5

a chur i gcomhthéacs an Acht Oideachais, agus an forál ann go gcaithfidh an tAire measúnú a chur ar fáil i nGaeilge do na scoileanna lánGhaeilge.

### 5. Mata

Cé go mbaineann an taighde seo leis an léitheoireacht go príomhdha, shocrú mé ar son na hiomláine ceist na matamaitice a phlé os rud go mbíonn deacrachtaí ag roinnt mhaith daltaí san ábhar seo, agus go mbíonn tacaíocht ag teastáil uathu inti le linn na scolaíochta. Chomh maith leis sin, is ceann de dhá ábhar é a bhfuil measúnú caighdeánach dlite ina leith<sup>4</sup>, agus dá bharr sin, tá sé tábhachtach go mbeadh na nósanna a bhaineann leis an matamaitic ag teacht le nósanna na Gaelscolaíochta. Seo thíos na torthaí:

#### Measunú

Scoil 1: Déantar trialacha Dhroim Chonrach sa scoil seo. Ní raibh leagan Gaeilge díobh ar fáil i mbliana (2007), agus d'aistrigh múinteoirí na scoile na trialacha iad féin. Dar leis an múinteoir tacaíocht foghlama go mbíonn leibhéal na Gaeilge an-ard sna trialacha seo i gcomparáid le cumas léitheoireachta na ndaltaí.
Scoil 2: Déantar trialacha Dhroim Chonrach sa scoil seo. I dtuairim na foirne, tá na trialacha seo an-deacair.
Scoil 3: Déantar trialacha Dhroim Chonrach sa scoil seo. Ní dhearnadh an mheasúnú seo sa scoil i mbliana mar nach raibh leagan Gaeilge den triail leasaithe ar fáil.
Scoil 4: Ní léir cén teanga ina ndéantar an measúnú
Scoil 5: Déantar trialacha Dhroim Chonrach sa scoil seo. Ní dhearnadh an mheasúnú seo sa scoil i mbliana mar nach raibh leagan Gaeilge den triail leasaithe ar fáil.

Is léir dá bharr go mbíonn na scoileanna ag iarraidh an scrúdú seo a dhéanamh i nGaeilge, ach nach bhfuil sé ar fáil trí Ghaeilge faoi láthair, agus dá bharr sin, nach bhfuil an

---

<sup>4</sup> Ciorclán 0138 / 2006

## Caibidil 5

measúnú seo á chur ar na páistí taca an ama seo sna scoileanna seo. Ar ndóigh, cé go ndearna Scoil 1 an scrúdú seo i mbliana, d’admhaigh an múinteoir tacaíochta foghlama nach bhféadfaí a rá gur scrúdú caighdeánach é sa méid gur aistrigh siad féin é, agus dá bharr sin nach mbeadh sé ag teacht le nósanna i scoileanna eile, b’fhéidir; bheadh sé caighdeánach taobh istigh den scoil, ach ní bheadh sé caighdeánach ó thaobh scoileanna eile timpeall na tíre. D’fhéadfadh go bhfuil fiúntas ag baint leis an gcur chuige deireanach seo, ach ag an an céanna, níor mhór é a cheistiú i gcomhthéacs gur ordaigh an Roinn Roinn Oideachais agus Eolaíochta measúnú caighdeánach (Imlitir 0138/2006). An féidir a rá go bhfuil measúnú caighdeánach ar siúl murar féidir na torthaí a chur i gcomparáid le scoileanna eile?

### Tacaíocht foghlama

Scoil 1: Déantar an tacaíocht foghlama sa matamaitic trí mheán na Gaeilge. <sup>5</sup>
Scoil 2: Tugtar tacaíocht foghlama sa Matamaitic trí mheán na Gaeilge, ach bíonn eisceachtaí ann.
Scoil 3: Tugtar tacaíocht foghlama sa Matamaitic trí mheán na Gaeilge.
Scoil 4: Tugtar tacaíocht foghlama sa Matamaitic trí mheán na Gaeilge.
Scoil 5: Tugtar tacaíocht foghlama sa Matamaitic trí mheán na Gaeilge.

Seo ceann de na réimsí a bhí sásúil ó thaobh úsáid na Gaeilge de. Seachas cásanna speisialta i Scoil 2 (luaigh an múinteoir riachtanais speisialta cás eisceachtúil dá leithéid), is léir go ndéantar é trí mheán na Gaeilge sna scoileanna seo ar fad. Mar a luaigh príomhoide amháin, is féidir an obair seo a dhéanamh trí mheán na Gaeilge os rud go bhfuil na háiseanna cuí ar fáil i nGaeilge.

---

<sup>5</sup> Is tar éis don taighdeoir an téipthaifeadán a mhúchadh a tugadh an t-eolas seo dó.

## Caibidil 5

### Gaeilgeoirí le fadhbanna sa léitheoireacht

Is ceist thábhachtach í seo i gcomthéacs na Gaelscolaíochta. Freastalaíonn Gaeilgeoirí ó dhúchas ar na scoileanna seo, agus tá sé réasúnach a bheith ag smaoineamh go mbeidh teacht ar gach cuid den oideachas iontu trí mheán na Gaeilge gan cheist ná fadhb. Sa gcás go mbeadh tacaíocht foghlama sa léitheoireacht ag teastáil ó pháiste acu seo, bheadh tuismitheoirí na bpáistí seo ag súil le tacaíocht don teanga bhaile. Dá bharr sin, cuireadh ceist faoi uimhreacha na bpáistí seo (féach an tábla thuas), agus pléifear é seo thíos.

Scoil 1: Níor tháinig aon pháiste le Gaeilge ó dhúchas agus fadhbanna léitheoireachta aige chun cinn le linn tréimhse an mhúinteora tacaíochta foghlama reatha, atá ag feidhmiú sa scoil sa phost sin le sé bliana anuas.
---

Scoil 2: Tháinig páiste amháin pháiste le Gaeilge ó dhúchas agus fadhbanna léitheoireachta aige chun cinn le gairid. Bhíothas in ann cuidiú leis trí mheán na Gaeilge, ach ní raibh foireann na scoile in ann sonraí ar bith a thabhairt ina leith mar bhí an múinteoir a bhí ag plé leis an bpáiste ar shaoire mháithreachais an uair a rinneadh an t-agallamh.
--

Scoil 3: Tháinig aon pháiste amháin le Gaeilge ó dhúchas agus fadhbanna léitheoireachta aige chun cinn i dtréimhse an phríomhoide reatha. Bhíothas in ann cuidiú leis an bpáiste trí mheán na Gaeilge. Ba mhór an chuidiú iad na tuismitheoirí agus an scoil ag iarraidh teacht ar ábhar feiliúnach don fhoireann ina gcuid iarrachtaí cuidiú leis an bpáiste.
--

Scoil 4: Níor tháinig aon pháiste le Gaeilge ó dhúchas agus fadhbanna léitheoireachta aige chun cinn ó tosaíodh an scoil. Is fíor-bheagán páiste a thagann chun na scoile seo le Gaeilge.
---

Scoil 5: Níor tháinig aon pháiste le Gaeilge ó dhúchas agus fadhbanna léitheoireachta aige chun cinn le linn tréimhse an phríomhoide reatha, atá i bpost le trí bliana anuas.
---

Mar a luadh thuas, cuireadh ceist maidir le líon na bpáistí i ngach scoil a bhíonn á dtógáil trí mheán na Gaeilge, agus cé nach bhfuarthas uimhreacha cinnte, is féidir buille faoi thuairim a fháil, agus tugtar é sin thuas i dTábla 1. Ar chaoi ar bith ní bheadh an t-iomlán

## Caibidil 5

mórán níos ísle ná an bhunfhigiúr de 64 dalta le Gaeilge. Má chuirtear líon na bpáistí a d'fhág na scoileanna sin le linn tréimhsí na múinteoirí a cuireadh faoi agallamh, bheadh an uimhir níos airde, suas le 100, nó b'fhéidir níos airde fós. Ach ina ainneoin sin, níor tháinig ach beirt Gaeilgeoirí ó dhúchas chun cinn le deacrachtaí sa léitheoireacht, céadatán thar a bheith íseal. Má chlaítear leis an mbunfhigiúr de 64, sin 3% de Ghaeilgeoirí reatha na scoile ar a mhéad, ach má smaoinítear go gclúdaíonn an uimhir seo tréimhse níos faide, in nár tháinig aon duine dá leithéid chun cinn, feicfeadh gur uimhir níos ísle fós a bhfuil ann. Ní mór é a chur i gcomhthéacs an mhéid a dúirt Cummins (2002): go bhfaigheann beagnach 14% de pháistí i scoileanna lánGhaeilge tacaíocht don léitheoireacht.

Cén míniú atá ar seo? Déantar cur síos ar roinnt féidireachtaí anseo thíos.

1. Ní dhéantar MIST ná measúnú caighdeánach eile ar an léitheoireacht i nGaeilge – is i mBéarla a thagann fadhbanna chun cinn dá bhrí sin. An amhlaidh nach n-áirítear páistí mar Ghaeilgeoirí má bhíonn an Béarla ar a dtoil acu, agus sa gcás go dteastaíonn tacaíocht foghlama uathu go dtéann siad isteach sa “bpota comónta” leo siúd nach mbíonn an Ghaeilge acu sa mbaile? Agus go n-áirítear an fhadhb mar “fhadhb léitheoireachta Béarla”, agus go gcaitear an fhadhb a réiteach trí mheán an Bhéarla seachas “fadh b léitheoireachta” i nGaelscoil a chaitear réiteach trí mheán T1 na scoile.
2. An féidir go mbíonn leibhéal níos airde oideachais sa mbaile ag na Gaeilgeoirí sa gcóras, agus go bhfaigheann siad tacaíocht sa mbaile, agus dá bhrí sin go réitítear na fadhbanna seo sula dtagann siad chun cinn sa scoil, nó ar bhealach eile taobh amuigh den chóras scoile.

## Caibidil 5

3. Luaigh beirt a cuireadh faoi agallamh go dtógann páistí óga léitheoireacht na Gaeilge níos scioptha ná léitheoireacht an Bhéarla ag an mbun leibhéal. An féidir gur é seo an fhírinne – go mbíonn sé níos éasca léitheoireacht na Gaeilge a fhoghlaim ná léitheoireacht an Bhéarla lena iliomad neamhrialtachtaí? Más amhlaidh gur fíor é seo, tá impleachtaí móra ann mar gheall ar chur chuige sa léitheoireacht go ginearálta, ní hamháin sna Gaelscoileanna, ach sna scoileanna Gaeltachta freisin. Ba mhór an tarraingt é seo do thuismitheoirí a bhíonn ag smaoineamh ar pháistí a chur chuig Gaelscoil, nó a bheadh ag smaoineamh ar Ghaelscoil a bhunadh ina gceantar.

Bíodh sin mar atá, theastódh staidéar cuimsitheach ar an ábhar seo le fáil amach cén fáth nach bhfaigheann páistí le Gaeilge ó dhúchas acu a fhreastalaíonn ar Ghaelscoileanna tacaíocht foghlama don léitheoireacht trí mheán na Gaeilge – é sin, nó cén fáth nach dteastaíonn a leithéid uathu. Má tá moladh amháin le teacht as an staidéar seo, is é go bhfuil géarghá le **staidéar cuimsitheach** chun a fháil amach cén fáth nach mbíonn Gaeilgeoirí ó dhúchas ag dul ar aghaidh le haghaidh tacaíocht foghlama a fháil sa léitheoireacht.

Cibé ar bith faoi sin, is í fírinne an scéil nach mbíonn aon tacaíocht ar fáil do léitheoireacht na Gaeilge i gceann ar bith de na scoileanna ach ar bhonn eisceachtúil: ar an mbonn gurbh í an Ghaeilge an teanga baile ag páiste. Fiú leis sin, ní thagann páistí chun cinn le fadhbanna den chineál sin ar chúis eicínt. Bhí an tuiscint láidir ag gach éinne a chuaigh faoi agallamh gurbh éigin tacaíocht don léitheoireacht a dhéanamh trí mheán an Bhéarla i ngach cás eile. Taispeánadh sliocht sa leabhar Learning Support Guidelines<sup>6</sup> don taighdeoir seo. Is í an tuiscint a bhí ag an té a thaispeáin ná go gcaithfí an tacaíocht a



## Caibidil 5

thabhairt trí mheán an Bhéarla seachas sa gcás gur Gaeilgeoir ó dhúchas a bhí sa bpáiste. Ach chomh luath agus a taispeánadh, rinne an té a thaispeáin athmhachnamh ar an scéal, agus dúirt go mb'fhéidir go raibh dul amú air, go raibh dallamullóg air, agus go bhféadfaí a mhalairt bhrí a bhaint as an méid a bhí scríofa.

---

<sup>6</sup> Learning Support Guidelines, Rialtas na hÉireann, BÁC, 2000. L. 14, fo-nóta.

## CAIBIDIL 6

### TÁTAL

Ag tús na tuarascála seo, dúradh go raibh ceisteanna tar éis teacht chun solais maidir le cleachtaisí áirithe sa nGaelscolaíocht, ceisteanna a bhain le cúrsaí teanga taobh istigh den Ghaelscoil. Bhain na ceisteanna seo leis an teanga ina ndéantar an measúnú caighdeánach sna scoileanna sin, agus leis an teanga ina múintear ranganna tacaíochta foghlama iontu. B'fhacthas don taighdeoir seo gurbh fhiú na ceisteanna seo a iniúchadh, ní ó thaobh na nGaelscoileanna amháin, ach ó thaobh na bpáistí a bhfuil an Ghaeilge acu mar theanga bhaile, mar fho-réimse de na daltaí a fhreastalaíonn ar Ghaelscoileanna.

Cheal ama, ní rabhthas in ann staidéar iomlán a dhéanamh ar Ghaelscoileanna na tíre, agus b'éigean an taighde a theorannú go grúpa scoileanna i gceantar ar leith sa tír. Ní féidir mar sin a mhaíomh go bhfuil an taighde déanta anseo ionadaíoch do Ghaelscoileanna na tíre ar fad, ach sa méid go dtagann na torthaí lena chéile, d'fhéadfaí teoiric a chumadh ar a bhféadfaí taighde a dhéanamh níos faide anonn.

### Léirmheas litríochta

#### Oideachas:

Rinneadh léirmheas litríochta ag tús na taighde, agus ba léir go raibh cuid den ghort treafa cheana ag taighdeoirí eile le blianta beaga anuas: is cinnte go bhfuil an litearthacht sna Gaelscoileanna ina cúis inní do mhórán daoine faoi láthair. Thug taighde dhaoine eile le fios go bhfuil easnaimh mhóra ann sa measúnú diagnóiseach agus caighdeánach sna scoileanna sin, agus sa tacaíocht foghlama freisin. Níl trialacha MIST ná trialacha

## Caibidil 6

diagnóiseacha eile, ná trialacha caighdeánacha, ar fáil chun measúnú a dhéanamh i nGaeilge ná ar léitheoireacht na Gaeilge, sna Gaelscoileanna ná in aon scoil eile, agus cé gur mhol tuarascálacha oifigiúla a leithéid a chur ar fáil, agus ábhar tacaíochta freisin, chomh fada siar le 2001 (féach an *Report of the Dyslexia Task Force* agus eile ó shin i leith), ní raibh siad ar fáil agus an taighde reatha ar bun. Ní hamháin é sin, ach ní raibh trialacha cuí ar fáil i nGaeilge don mhatamaitic sa scoilbhliain 2006-07 ach an oiread, cé go mbíodh siad ar fáil roimhe sin.

### **Cúrsaí Dlí:**

Tagann an taighde seo le taighde a bhí déanta cheana ag taighdeoirí eile cheana, mar sin.

Ach breathnaíodh freisin ar dhá phointe nár tugadh mórán aird orthu go dtí seo, áfach.

Ar an gcéad dul síos, tugadh spléachadh ar chúrsaí dlí – an Bunreacht, an tAcht Oideachais 1998, agus imlitreacha áirithe de chuid na Roinne chun na scoileanna, agus ar an mbunúis atá leis na cleachtais thuas dá réir. Is mór an cúnamh é don taighdeoir litir a bheith ina sheilbh aige ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta a thugann dearcadh na Roinne ar phointí áirithe bainteach leis na ceisteanna a phléitear anseo.

### **Páistí le Gaeilge sa bhaile:**

Is é an pointe eile a rinneadh taighde air ná conas mar a dhéileáiltear le Gaeilgeoirí a thagann chun na scoile i gcás go dteastaíonn tacaíocht foghlama uathu. As 1300 éigean dalta ag freastal ar an gcúig scoil seo, tá an Ghaeilge mar theanga bhaile ag thart ar 64-90 páiste, nó réimse idir 5% - 7% san iomlán. Bíonn figiúr níos airde nó níos ísle ag scoileanna áirithe, idir 3% ag an scoil is laige agus b'fhéidir 11% ag an scoil is fearr. Chonaic muid cé mar a chaitear leo sa gcóras tacaíochta foghlama reatha.

## Caibidil 6

### TORTHAÍ NA TAIGHDE

Go hachomair, is é a tháinig as an taighde a rinneadh ná:

#### **An Réamhléitheoireacht agus an léitheoireacht**

Ó thaobh na réamhléitheoireachta de, bhí réimse cleachtais ann, ó thús áite don Ghaeilge go dtí an Béarla i dtosach. Maidir leis na scoileanna a thagann faoin bhForas Pátrúnachta, is díol suime nach raibh gach múinteoir sna scoileanna a thagann faoi ar an eolas faoi pholasaí an Fhorais i leith teanga na réamhléitheoireachta agus na léitheoireachta. Ní haon iontas é mar sin nach dtagann cleachtais sna hábhair seo sna scoileanna seo ar fad le polasaí an Fhorais.

Maidir leis an measúnú, arís ní cosúil go bhfuil go bhfuil na múinteoirí a cuireadh faoi agallamh ar an eolas faoi na forálacha san Acht Oideachais a bhaineann leis an ábhar seo. Ar an taobh eile, bhí siad ar an eolas faoi imlitreacha agus treoirlínte a thagann amach ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Arís is cosúil nach raibh na scoileanna a thagann faoin bhForas Pátrúnachta go hiomlán ar an eolas faoi pholasaí Gaeilge an Fhorais.

Is i mBéarla a thugtar aon tacaíocht a theastaíonn don léitheoireacht. Arís, is cosúil go bhfuil míthuiscint anseo maidir le brí fhorálacha éagsúla a bhaineann leis seo sna cáipéisí oifigiúla a thagann chun na scoileanna.

#### **An Mhatamaitic**

Bhíodh measúnú cuí ar fáil i nGaeilge don mhatamaitic go dtí le gairid, ach don scoilbhliain 2006-07 ní raibh, agus cé gur chreid cuid de na múinteoirí a cuireadh faoi agallamh go raibh trialacha nua á réiteach i nGaeilge, ní raibh said cinnte cén uair a bheadh siad ar fáil. D'aistrigh scoil amháin na trialacha iad féin, ach d'admhaigh nach

## Caibidil 6

raibh feidhm acu mar chaighdeán ach amháin go himheánach. Ní dhearna na scoileanna eile na trialacha sa scoilbhliain 2006-07 mar gheall ar an easnamh seo.

Ar an taobh dearfach, is i nGaeilge a thugtar ranganna tacaíochta foghlama don mhatamaitic. Is amhlaidh gur féidir é seo a dhéanamh mar gheall ar na háiseanna cuí a bheith ar fáil i nGaeilge.

### **Na Gaeilgeoirí sa gcóras**

Chonaic muid thuas go mbíonn deacracht sa léitheoireacht ag céatadán suntasach de pháistí bunscoile na hÉireann agus go bhfaigheann tacaíocht sa léitheoireacht dá bharr – breis agus 10% acu, agus suas le 14% i staidéar amháin. Chonaic muid thuas go bhfuil idir 64 agus 90 dalta le Gaeilge sa mbaile ag freastal ar an gcúig scoil a ghlac páirt sa taighde seo, agus bheifí ag súil le go mbeadh seisear acu ann ar a laghad, agus suas le 13 ar a mhéid, a theastódh tacaíocht uathu leis an léitheoireacht in am eicínt. Ina ainneoin sin, níl aon duine ag fáil tacaíocht leis an léitheoireacht trí mheán na Gaeilge i gceann ar bith den chúig scoil seo faoi láthair (Meitheamh 2007), agus i dtréimhsí na múinteoirí a cuireadh faoi agallamh, níor tharla sé ach le beirt san iomlán go bhfuair siad a leithéid de thacaíocht.

Níl aon amhras in intinn an taighdeora seo ach go dteastaíonn grinniniúchadh ar an bpointe seo le teacht ar na fáthanna leis.

Go praiticiúil mar sin, is seirbhís í seo nach bhfuil á cur ar fáil faoi láthair in aon cheann de na scoileanna seo do dhaoine le Gaeilge ó dhúchas, cé gur cuireadh an seirbhís ar fáil in dá scoil acu roimhe seo. Luadh trí fhéidireachtaí thuas:

1. Déantar an measúnú caighdeánach i mBéarla agus áirítear an fhadhb mar *fhadhb léitheoireachta Béarla* seachas mar *fhadhb léitheoireachta* agus déileáiltear leis an

## Caibidil 6

bhfadhb trí Bhéarla ansin.

2. Seans go mbíonn leibhéal níos airde oideachais nó díograis sa mbaile ag na Gaeilgeoirí sa gcóras, agus go bhfaigheann siad an tacaíocht a theastaíonn sa mbaile nó ar bhealach eile taobh amuigh den chóras scoile.

3. Luaigh beirt a cuireadh faoi agallamh go dtógann páistí óga léitheoireacht na Gaeilge níos scioptha ná léitheoireacht an Bhéarla ag an mbun leibhéal. Bheadh impleachtaí móra ann don léitheoireacht i gcoitinne dá mb'fhóir é seo. Theastódh tuilleadh taighde le fáil amach an fíor é seo, agus más fíor cén fáth a bhfuil sé amhlaidh.

Tháinig sé chun solais nach mbíonn an Roinn Oideachais agus Eolaíocht gníomhach, ach a mhalairt ar fad, ag déanamh soláthar chun seirbhísí den chineáil seo a chur ar fáil; agus tháinig sé chun solais freisin nach bhfuil teacht ar na háiseanna cuí chun an tacaíocht sin a chur ar fáil trí mheán na Gaeilge.

### **Tacaíocht a chur ar fáil i nGaeilge**

Tháinig sé chun solais gurbh í an tuiscint í i measc iad siúd a cuireadh agallamh orthu nach ceadmhach tacaíocht sa léitheoireacht a thabhairt do pháiste i nGaeilge ach amháin más í sin teanga bhaile an pháiste. Ina dhiaidh sin, bhí an dara chúis ann freisin, an chúis phraiticiúil ná nach dtarlaíonn sé i ngeall ar an easnamh a bhfuil ann i soláthar na n-áiseanna a theastódh chun an tacaíocht chéanna a chur ar fáil. Ar an taobh eile, ag ceadú cáipéisí oifigiúla, tháinig sé chun solais go raibh dul amú ar na múinteoirí nuair a smaoinigh siad gur chiallaigh 'teanga 1' agus 'T1' teanga bhaile an pháiste. Ba léirt ó na cáipéisí oifigiúla gur *teanga na scoile* atá i gceist, an Ghaeilge san scoileanna lánGhaeilge agus an Béarla sna scoileanna Bhéarla, agus go gciallaíonn 'T2' nó 'teanga 2' an teanga oifigiúil eile nach í teanga na scoile í.

## Caibidil 6

Is díol mór suime é gur lig an Roinn Oideachais agus Eolaíochta don tuiscint easnamhach teacht chun cinn, murach gur chothaigh an Roinn féin an mhíthuiscint chéanna; agus gur lig an Roinn tarlúint gan soláthar a bheith ann de na háiseanna tacaíochta a theastaíonn ó dhream lag mar seo.

### Cúrsaí dlí

Breathnaíodh ar an mBunrecht, ar an Acht Oideachais 1998, ar bhreitheanna áirithe Ard-Chúirte agus Cúirte Uachtaraigh, agus ar imlitreacha de chuid na Roinne Oideachais agus Eolaíochta. Tháinig sé chun solais go bhfuil forálacha bunreachta ann a chintíonn gurb é an saoránach seachas an Stát a roghnaíonn an teanga, agus go bhfuil cásanna cúirte ann a dhaingníonn na forálacha sin; agus gurb é an teaghlach príomhoideachasóir an pháiste. Is é an teaghalch freisin a shocraíonn cúrsaí teanga dá pháistí.

Tá tagairtí sonracha don Ghaeilge in Acht Oideachais 1998, agus is é léamh an taighdeora seo é go gcaithfear seirbhísí áirithe a sholáthar i nGaeilge i scoileanna lánGhaeilge, seirbhísí taca ina measc. Sonraítear an measúnú mar sheirbhís den chineál sin, agus thiocthadh tacaíocht foghlama faoin bhforáil in Alt 2 den Acht a leagann síos '(n) **cibé seirbhísí eile** a shonraítear leis an Acht seo nó **is cúí leis an Aire**' (béim curtha leis ag an údar seo).

Maidir le himlitr ar nós 0138/2006, a ordaíonn measúnú caighdeánach ar an léitheoireacht Bhéarla do gach scoil, na scoileanna lánGhaeilge ina measc, bheifí in amhras faoi sheasamh an imlitr ó thaobh dlí de, agus creideann an taighdeoir seo go bhfuil an imlitr ag sárú an dlí ar bhealaigh éagsúla.

### Ceangal

## Caibidil 6

Tá ceisteanna go leor ag éirí as an taighde seo. I dtuairim an taighdeora, mar sin féin, is iad na ceisteanna is mó ná

Na fáthanna nach mbíonn measúnú diagnóiseach ná caighdeánach ar fáil i nGaeilge sa nGaelscoil, ar léitheoireacht na Gaeilge ná sa matamaitic;

Na fáthanna nach mbíonn áiseanna tacaíochta foghlama ar fáil chun tacú le léitheoireacht na Gaeilge;

Céard a tharlaíonn do na Gaeilgeoirí sa gcóras a mbíonn deacrachtaí acu sa léitheoireacht;

Cé as a dtáinig an tuiscint a bhíonn ag múinteoirí i nGaelscoileanna nach ceadmhach an tacaíocht a thabhairt do dhaltaí na scoile i gcoitinne sa léitheoireacht i dteanga na scoile.

Is léir go dteastaíonn taighde bhreise chun na ceisteanna seo a iniúchadh. Níor breathnaíodh ach ar ghrúpa beag scoileanna sa taighde reatha, agus ní leor é chun na ceisteanna a cuireadh a fhreagairt go sásúil ina n-iomláine, ach cruthaíodh go bhfuil cleachtais amhrasacha ag baint leis na gnéithe seo den Ghaelscolaíocht, in áiteanna ar a laghad, nach mór a chur i gceart.

Maidir le heaspa eolais na múinteoirí, go mór mór na bpríomhoidí, ar phointí tábhachtacha polasaí agus dlí de, b'fheidir nach aon iontas é go bhfuil easpaí ann, ach mar mholadh, b'fhiú go mór go mbeadh siad ar an eolas faoin mbonn atá faoin oideachas in Éirinn. Is é an trua é nach mbíonn an t-eolas acu, chun gurbh fhearr go bhféadfadh siad feidhmiú sa bpost agus iad ag déileáil leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Mholfainn d'eagraíocht fheiliúnach mar Gaelscoileanna Teo. nó an Foras Pátrúnachta an scéal seo a chur i gceart trí chúrsaí nó seimineáir a chur ar fáil dóibh.



## Caibidil 6

Ó thaobh trialacha caighdeánacha agus ábhar tacaíochta de, seans gurb é an bealach ar aghaidh ná comhairle dhlíodóra a fháil maidir le dleathacht na gcleachtais a úsáideann an Roinn Oideachais agus Eolaíochta, agus feidhmiú de réir na comhairle sin, mar is léir nach bhfuil sí ag déanamh soláthar mar is cóir ó thaobh measúnaithe ná áiseanna tacaíochta de, don Ghaelscolaíocht ná do pháistí le Gaeilge mar theanga bhaile acu.

## LEABHARLIOSTA

- An Chomhairle Náisiúnta Churaclaim agus Measúnachta (CNCM), 2006. *Teanga agus Litearthacht i mBunscoileanna ina bhfuil an Ghaeilge mar Mheán - Cuntais ar Chleachtais*, Baile Átha Cliath.
- An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (ROE), 1999, *Curaclam na Gaeilge*, Oifig an tSoláthair, BÁC.
- An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (ROE), 2000. *Learning Support Guidelines*, Oifig an tSoláthair, BÁC.
- An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (ROE), 2001. *Report of the Task Force on Dyslexia*, Oifig an tSoláthair, BÁC.
- An Roinn Oideachais agus Eolaíochta (ROE), 2006. *Imlitir 0138/2006*, Oifig an tSoláthair, BÁC.
- Bermúdez M P, 2000. *Déficit de Autoestima*, Ediciones Pirámide, Madrid,
- Coady M. agus Ó Laoire M. 2002. *Mismatches In Language Policy And Practice In Education: The Case Of Gaelscoileanna In The Republic Of Ireland*, i: Language Policy 1, Kluwer Academic Publishers, ll. 143–158.
- Fernández-Ulloa T, 2003. *La Educación Bilingüe en el País Vasco: Problemas y Retos*, Proceedings of the 4<sup>th</sup> International Symposium on Bilingualism
- Fishman, J. 1991. *Reversing language shift. Theoretical and empirical foundations of assistance to threatened languages*. Clevedon: Multilingual Matters Ltd
- Foras Pátrúnachta na Scoileanna LánGhaeilge Teo, gan dáta luaite. *Polasaí agus Cleachtas Gaeilge sa Ghaelscoil*, BÁC
- Gaelscoileanna Teo., 2005. *Ár bPolasaí Gaeilge*, BÁC,
- Harris J, Forde P, Archer P, Nic Fhearaile S, agus O’Gorman M, 2006. *Irish in Primary Schools: Long-term trends in achievement*, An Roinn Oideachais agus Eolaíochta, BÁC.
- McGuinness B, Hardiman B, Geoghan B, 2001. *Ó Beoláin -v- D.J. Mary Fahy & rl, Breith 230/99*, An Chúirt Uachtarach, Baile Átha Cliath.
- Molla T & Viana A, 1991. *Curs de Sociolingüística*, Edicions Bromera, Alzira,
- Ní Bhaoill M & Ó Duibhir P, 2004. *Tús na Léitheoireachta i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge*, An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta agus Gaelscolaíochta, BÁC
- Ní Bhaoill M. *Tús na léitheoireachta i scoileanna Gaeltachta agus lán-Ghaeilge*, i: Taighde agus teagasc, Imleabhar 5. Coláiste Ollscoile Naomh Mhuire, Béal Feirste, 2005. ll. 157-183
- Ó Tuathail S, (eag), 1999. *Tuairiscí Éireann - Tuairiscí Speisialta 1980-1998*, Comhairle Chorpraithe de Thuairisceoireacht dlí Éireann, Baile Átha Cliath,
- Ó Tuathail S, 2002. *Gaeilge agus Bunreacht*, Coiscéim, Baile Átha Cliath.
- Rialtas na hÉireann, 1937. *Bunreacht na hÉireann*, Oifig an tSoláthair, BÁC.
- Rialtas na hÉireann, 1998, *An tAcht Oideachais 1998*, Oifig an tSoláthair, BÁC
- Shiel G, & Morgan M, with Larney R, 1998. *Study of Remedial Education in Irish Primary Schools, Summary Report*. Oifig an tSoláthair, BÁC.
- Spolsky B, *Reassessing Maori regeneration*, i: Language in Society 32, ll. 553–578.

## **AGUISÍN: Litir ón Roinn Oideachais agus Eolaíochta**

## Caibidil 6

## Caibidil 6